# Spreag an Ghaeilge le Spraoi

## Scaoil Uait Í!





An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Spreag an Ghaeilge le Spraoi

## Scaoil Uait Í!



An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An chéad eagrán 2010
© An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna / An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

ISBN: 0-9547233-9-2

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Comhairleoirí na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna a scríobh
Stiúrthóir an tionscadail: T.J. Ó Ceallaigh, Comhordaitheoir Náisiúnta don Ghaeilge, SFGB
Dearadh agus leagan amach: Denis Baker, The Unlimited Design Company
Obair Ealaíne: Annette Crowley, Dónal Ó Bric, Denis Baker
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a mhaoinigh an tionscadal
Brunswick Press Ltd. a chlóbhuail in Éirinn

Comhairleoirí na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna (2007-2008)

Máire Mhic Chárthaigh
Íde Ruaidh
Síle Ní Shéaghdha
Conchobhar Ó Laoghaire
Ciara Ní Mhaonaile
Aedín Ní Thuathail
Ruairí Mac Dónaill
Máirtín Ó Riordáin
Clíodhna Ní Dhuinn
Bríd Ní Dhonnchadha
Clíodhna Furlong
Máire Nic an Rí
Máire Ní Bhuachalla
Karen Brogan
Sandra Chute
Anne Foley
Olive Keane
Seosamh Mac an Iomaire
Micheál Mac Donnacha
Máire Ní Chionnaigh
Eimear Ní Niallagáin
Bernadette Nic Fhionnlaoich
Brídín Nic Uiginn
Éamonn Ó hAilpín
Nollaig Ní Chéilleachair
Yvonne Uí Dhochartaigh
Micheál Ó Dochartaigh
Conall Ó Breacháin
Anne Murphy
Máirín Ní Chartúir
Sinéad Ní Thorsnaigh

Tá an leabhrán seo ar fáil go digiteach ar www.pdst.ie agus ar www.cogg.ie

PDF

## Réamhrá

Chuir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna (SFGB) an leabhrán seo le chéile i gcomhpháirt leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun tacú le múinteoirí an Ghaeilge a spreagadh, a cheiliúradh agus a shaibhriú. Is ar an gcumarsáid agus ar an bhfoghlaimeoir mar úsáideoir gníomhach na teanga a leagtar béim sa leabhrán seo. I gCuraclam na Gaeilge tugtar tús áite do ghné seo na fíorchumarsáide.

Is é cúram an mhúinteora suímh agus comhthéacsanna inchreidte cumarsáide a chothú inar gá don pháiste cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge. Is féidir inspreagadh a thabhairt do pháistí má chruthaítear riachtanas chun an teanga a úsáid. An dúshlán ná conas an riachtanas cumarsáide sin a chruthú gan de chomhthéacs cumarsáide go minic ach an seomra ranga. Chuige sin, díríonn an leabhrán seo ar riachtanais teangeolaíochta na bpáistí i gcomhthéacsanna ilghnéitheacha na scoile. Mealltar agus spreagtar na páistí chun an Ghaeilge a úsáid le spraoi. Is trí pháirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí cumarsáide a spreagann na feidhmeanna teanga, a shealbhaíonn an páiste an Ghaeilge.

Sa leabhrán seo, mar sin, tá an chumarsáid mar sprioc. Is í an teanga príomhuirlis na cumarsáide. Ní mór i gcónaí, timpeallacht foghlama teanga a chruthú atá dearfach agus táirgiúil ar mhaithe le cruinneas gramadaí agus inniúlacht chumarsáideach a chothú. Úsáidtear an Cur Chuige Cumarsáideach mar struchtúr don fhoghlaim. I dtreo is go mbeidh an chumarsáid teanga ar siúl de shíor sna hidirghníomhaíochtaí éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta, pléifidh an páiste le tascanna réamhchumarsáideacha, cumarsáideacha agus iarchumarsáideacha.

Seo thíos liosta achomair ar phríomhthréithe an chuir chuige chumarsáidigh:

Foghlaimeoir-lárnach
Béim ar chiall agus úsáid laethúil na teanga
Foghlaimeoirí gníomhacha
Obair aonair, bheirte agus ghrúpa
Pearsanú (gníomhaíochtaí a bhaineann le saol an pháiste)
Gníomhaíochtaí céillí agus spreagúla
Bearnaí eolais (le féinfhoghlaim a spreagadh)
Teagasctar an ghramadach de réir mar a bhíonn sí ag teastáil agus i gcomhthéacs den chuid is mó
Teagasctar an ghramadach go ciorclach
Tugtar tús áite do na feidhmeanna teanga
Dearcadh níos dearfaí i leith earráidí
Teagasctar na scileanna éagsúla le chéile oiread agus is féidir.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine ar fad a bhí páirteach in obair an tionscadail seo. Ní neart go cur le chéile!

Tá saibhreas ar leith bainteach leis an nGaeilge. Spreag í le spraoi. Scaoil uait í!

Bláth agus rath,

**T.J. Ó Ceallaigh**

Comhordaitheoir Náisiúnta don Ghaeilge,
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna.

# Spreag an Ghaeilge le Spraoi

## *Scaoil Uait Í!*

**Clár** **Lch.**


| | |
|---|---|
| **Cuid 1:** Cluichí Clóis: Moltaí | *5* |
| **Cuid 2:** Cluichí Clóis: Sealbhú na Teanga | *33* |
| **Cuid 3:** Cruinneas na Cainte | *87* |
| **Cuid 4:** Spreagadh na Cainte | *125* |

# Cuid 1

## Cluichí Clóis: Moltaí



| Rang | Cluichí | Feidhmeanna Teanga | Eiseamláirí |
|---|---|---|---|
| Na Naíonáin | Cén t-am é a mhac tíre? | Ceisteanna a chur<br>Eolas a thabhairt | Cén t-am é a mhac tíre?<br>Tá sé a sé a chlog.<br>Tá sé in am don dinnéar.<br>Rithimis.<br>Rug mé ort.<br>Níor rug.<br>Bhí mé sa bhaile. |
| | Rith sa tóir | Ceisteanna a chur | Cé atá sa tóir?<br>Tá __ sa tóir .<br>Tá tú gafa.<br>Nílim.<br>Tá tusa sa tóir anois. |
| | Cluichí páirce | Ceisteanna a chur agus a fhreagairt<br>Comhghairdeas agus comhbhrón a dhéanamh<br>Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh | Faigh an liathróid.<br>Buail an liathróid.<br>Chugamsa.<br>Anseo.<br>Fuair mé cúl.<br>Sin cúl.<br>Bhí sé ar fóraoil/ar seachrán.<br>Maith thú.<br>Mí-ádh.<br>An bhfuil cead agam imirt?<br>Ar mhaith leat imirt?<br>Cad é an scór?<br>A haon araon.<br>A dó, a náid. |
| | Deir Ó Grádaigh | Áitiú ar dhuine<br>Dallamullóg a chur ar dhuine<br>Daoine a eagrú | Seasaigí.<br>Suígí.<br>Cuirigí.<br>Stopaigí.<br>Rithigí.<br>Siúlaigí.<br>Deir ó Grádaigh.<br>Tá tú amuigh.<br>Cén fáth a bhfuil mé amuigh?<br>Sheas tú.<br>Shuigh tú.<br>Chuir tú.<br>Stop tú ...srl. |

Cluichí Clóis: Moltaí

| Rang | Cluichí | Feidhmeanna Teanga | Eiseamláirí |
| --- | --- | --- | --- |
| Rang 1 agus 2 | Aimsigh agus folaigh | Magadh faoi dhuine<br>Maíomh | Téigí i bhfolach<br>Déanfaidh mé comhaireamh go dtí a 10<br>Táim ag teacht<br>Cá bhfuil sibh?<br>An bhfuil sibh réidh?<br>An bhfuil sibh réidh, tá nó níl?<br>Aimsithe!<br>Tá buaite agam/againn<br>Sinne na buaiteoirí! |
| | Cluichí páirce (ar lean) | Glaoch ar dhuine<br>Comhghairdeas a dhéanamh<br>Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh<br>Eolas a léiriú<br>Sásamh a léiriú<br>Duine a ghríosú<br>Foláireamh a thabhairt<br>Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh | A Shéamuis! A Mháire!<br>Faigh an liathróid<br>Roghnaigh an fhoireann<br>Calaois a bhí ann<br>Cic éirice atá ann!<br>Cuir chugam an liathróid!<br>Maith thú!<br>Greamaigh as/aisti!<br>Téigh i ngleic leis/léi<br>Luigh isteach air/uirthi.<br>Fan leis/léi. |



| Rang | Cluichí | Feidhmeanna Teanga | Eiseamláirí |
|---|---|---|---|
| Rang 1 agus 2 | Téad léimní | | Léim isteach.<br>Cas an téad.<br>Cé atá ag casadh na téide?<br>Beirt sa lár<br>Bí cúramach!<br>Níos tapúla<br>Níos moille<br>Is é do sheal é<br>Is é do shealsa é!<br>Gabhaim pardún!<br>Bhaineamar tuisle asat!<br>Aon, dó,<br>Capall is bó,<br>Trí, ceathair,<br>Bróga leathair,<br>Cúig, sé,<br>Cupán tae,<br>Seacht, ocht,<br>Seanbhean bhocht,<br>Naoi, deich,<br>Císte te! |
| | | | **Cé hé do Leannán**<br>Cé hé do leannán?<br>Cé hé do ghrá?<br>An dtosaíonn a ainm le há nó bá?<br>A,B,C,D.......<br><br>**Leag an Bord**<br>Leag an bord,<br>Leag an bord,<br>Scian is forc<br>Is plátaí in ord.<br>Piobar dubh,<br>Piobar dubh,<br>Prátaí nua<br>Is cúpla ubh. |



Cuid 1

| Rang | Cluichí | Feidhmeanna Teanga | Eiseamláirí |
|---|---|---|---|
| Rang 3 agus 4 | Cluichí páirce | Duine a ghríosú<br>Comhghairdeas a dhéanamh<br>Foláireamh a thabhairt<br>Magadh faoi dhuine<br>Cosc a chur ar iompar duine | Tabhair faoi!<br>Beir air!<br>An-mhaith/ ar fheabhas!<br>Ardfhear/ Ardbhean!<br>Ar aghaidh leat!<br>Maith thú!<br>An-bhreith!<br>An-chic!/ An-bhloc!<br>Seachain taobh thiar díot!<br>Lean é/í!<br>Cén cineál pleidhcíochta atá ar siúl agat?<br>Tabhair lascadh/lascáil bhreá don chaid/liathróid! |
| | Cnónna capaill | Léiriú gur gá rud éigin a dhéanamh<br>Duine a eagrú<br>Ceartú le béim chuí<br>Áitiú ar dhuine | Tá an téad sin róghearr.<br>Tá tú á luascadh.<br>Ná bí á luascadh.<br>Caithfidh tú é a choimeád socair.<br>Tóg go bog é!<br>Scaoil leis.<br>Seachain!<br>Ní hé do sheal é!<br>Mo shealsa a bhí/ atá ann!<br>Mo sheal arís!<br>Fan go gceanglóidh mé é!<br>Tóg d'aimsir/ Tóg do chuid ama. |
| | Saoradh - Sáite sa Chré | Duine a rialú nó a smachtú<br>Séanadh<br>Daoine a eagrú<br>Eolas a léiriú agus a fhiosrú | Leag mé lámh ort.<br>Ar aghaidh leat abhaile.<br>Cá bhfuil an baile go díreach?<br>Caithfidh duine tú a shaoradh.<br>Cé a scaoil saor thú?<br>Scaoilte saor.<br>Tá tú gafa!<br>Níl ná é!<br>Níl mé ná é!<br>Ná buail sa chos é/ í<br>Ná buail faoin gcam é!<br>As riocht.<br>Díbeartha. |



| Rang | Cluichí | Feidhmeanna Teanga | Eiseamláirí |
|---|---|---|---|
| Rang 5 agus 6 | Cluichí tomhais | Ceisteanna a chur agus a fhreagairt<br>Eolas a fhiosrú | An mbíonn sé ar siúl...?<br>An ........é/í?<br>Is ea/ ní hea<br>Is .....é/í/ ní ......é/í<br>An tú.......?<br>Is mé/ ní mé<br>An bhfuil baint agat le.....? |
| | Spás oscailte | Duine a rialú nó a smachtú<br>Séanadh<br>Daoine a eagrú<br>Eolas a léiriú agus a fhiosrú<br>Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh<br>Tuairisciú<br>Duine a ghríosú | Scaipigí<br>Líonaigí<br>Tarraing cic air!<br>Seachain!<br>Seachain nach gcuirfidh tú amach é!<br>Bhí sé amuigh<br>Ní raibh<br>Ní raibh ná é!<br>Lasmuigh!<br>An-bhreith!<br>Ná scaoil leis!<br>Dhein/Rinne tú éagóir!<br>Anuas sa mhullach orm!<br>Cloígh leis na rialacha<br>Níl tú ag cloí........<br>Caithfidh sibh cloí leis na.....<br>Ní tusa atá i bhfeighil!<br>Cad é mar chic! |

| Rang | Cluichí | Feidhmeanna Teanga | Eiseamláirí |
|---|---|---|---|
| Rang 5 agus 6 | Cluichí páirce | | Bhí sé/ sí sa chearnóg<br>Sin cúinne!<br>Rinne/ Dhein sé/ sí calaois orm!<br>Fuair siad cic saor/taobhlíne.<br>Coinnigh/ Coimeád/ Fan leis/ léi!<br>Leath-am<br>Ar seachrán/ ar fóraoil<br>Idir na cuaillí<br>Thar an trasnán<br>Iompaigh/ Cas timpeall<br>Tabhair dom an liathróid.<br>Ardaigh an liathróid.<br>Chuaigh sé/ sí ar ruathar aonair.<br>Bhí ádh/ mí-ádh orainn.<br>Rinne sibh bhur ndícheall!<br>Glac an cúilín.<br>Bhuail sé/ sí an trasnán<br>Scór den scoth!<br>Tá sé imithe thar an taobhlíne.<br>Bronnadh an corn orainn.<br>Bhuamar bonn an duine.<br>Táim gortaithe.<br>Táim ag imirt peile/ caide.<br>Táim ag imirt iománaíochta/ camógaíochta.<br>Sinne na buaiteoirí |



# Creatlach do Phlean Ceachta

**Téama:** Caitheamh Aimsire
**Fothéama:** Cluichí sa Chlós- Deir Ó Grádaigh
**Rang/Ranganna:** Naíonáin

**Spriocanna Foghlama/ Cuspóirí/Feidhmeanna Teanga:**
Go mbeadh an páiste in ann treoracha a leanúint as Gaeilge
Go mbeadh an páiste in ann treoracha a thabhairt as Gaeilge

**Eiseamláirí Teanga:**
Is féidir réimse leathan teanga a sheoladh isteach anseo: m.sh.
1. **Lámha trasna**
2. **Lámha suas**
3. **Lámha síos**
4. **Téigh/Téigí a chodladh**
5. **Dúisigh/Dúisígí**
6. **Bígí crosta/breoite/ tuirseach/ag gáire srl.**

## Na Trí Thréimhse Ceachta

### (1) An Tréimhse Réamhchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Glaonn an múinteoir na treoracha amach i dtús báire agus déanann sé/sí na geáitsí a ghabhann leo. Déanann na páistí aithris air/ uirthi. Déan é seo a chleachtadh go minic nó go bpiocfaidh na páistí suas an teanga atá idir chamáin.
Mínigh anois do na páistí nár chóir dóibh aon rud a dhéanamh mura gcloiseann siad an frása "Deir Ó Grádaigh". Taispeáin dóibh cad atá i gceist le treoracha a thabhairt le gach dara habairt agus gan é leis.

### (2) An Tréimhse Cumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Déanann an múinteoir geáitse ar dtús, agus ansin déanann roinnt páistí geáitsí éagsúla. Glaonn an rang an geáitse amach nuair a bhíonn sé déanta.
Nuair atá dóthain cleachtaidh déanta ag an rang agus iad ar a suaimhneas leis an téarmaíocht, iarr ar dhaltaí éagsúla teacht amach agus na treoracha "Deir Ó Grádaigh" a ghlaoch amach.

### (3) An Tréimhse Iarchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Chun críoch a chur leis an gceacht, glaonn an múinteoir 5/6 threoir amach go tapa, ag iarraidh gach aon duine a chur amach.

**Difreálú:**

Ba cheart go mbeadh gach páiste in ann dó seo. Foghlaimeoidh páistí áirithe an téarmaíocht go tapa agus is féidir iarraidh orthu teacht amach ar dtús.

**Nascáil & Comhtháthú:**

Éisteacht & Labhairt
Comhtháite leis an gCorpoideachas

**Measúnú:**

Breathnóireacht an mhúinteora

**Féinmheastóireacht:**

An raibh na páistí in ann na treoracha a leanúint?
An raibh siad in ann treoracha a thabhairt?
An féidir níos mó treoracha a thabhairt isteach?



# Creatlach do Phlean Ceachta

**Téama:** Caitheamh Aimsire
**Fothéama:** Cluichí sa Chlós – Saoradh - Ceacht a hAon
**Rang/Ranganna:** 3/4




**Spriocanna Foghlama/ Cuspóirí/Feidhmeanna Teanga:**

Go mbeadh an páiste in ann:
Teanga chuí a chleachtadh agus a shealbhú sa rang a d'oirfeadh don chluiche clóis, "Saoradh"
Eolas a léiriú agus a fhiosrú

**Eiseamláirí Teanga:**

1. **Ar rug tú ar (an)....?**
2. **(Níor) Rug mé ar (an) .....**
3. **Cá bhfuil an ______ (baile) go díreach?**

**Áiseanna/acmhainní:**

Iuaschártaí leis na téarmaí cuí, scafall
rudaí le caitheamh/teilgean

Cuid 1

## Saoradh – An Scéal

Am lóin mhóir a bhí ann. Bhí Rang a Ceathair amuigh sa chlós agus iad ag baint suilt as an mbriseadh. Lá brothallach buí a bhí ann, gan néal sa spéir. Bhí leoithne bhog ag séideadh.
Theastaigh ón rang cluiche ranga a eagrú ina mbeadh gach duine páirteach. Shocraigh siad ar an gcluiche "Saoradh" a imirt. D'aontaigh an múinteoir, ag rá gur chluiche iontach fuinniúil é.
Ar dtús, roinn an múinteoir an rang ina dhá leath: foireann A agus foireann B. Ansin, b'éigean dóibh beartú cé acu leath a bheadh sa tóir ar dtús. Chuir siad ar chrainn é agus bhuaigh foireann A.
Díreach ansin, phléigh siad na rialacha a bhaineann leis an gcluiche. Ba iad na rialacha a d'aontaigh siad ná:

1. nach raibh cead ag aon duine duine eile a bhualadh faoin gcam
2. go mbeadh duine "díbeartha" go dtí an "príosún" dá mbéarfaí air/uirthi
3. go scaoilfí saor pé duine a bhí mar an chéad duine istigh, nuair a thabharfaí duine eile isteach
4. go mbeadh 10 nóiméad an taobh sa tóir
5. go mbeadh teorainn spáis ann agus dá rachadh duine "thar teorainn", go gcuirfí isteach sa phríosún é/í

É sin déanta, thug siad faoin gcluiche a imirt, agus bhain siad spórt is spraoi as.

## Saoradh – Conas é a imirt?

1. Roinn an rang ina dhá leath: Foireann A agus Foireann B.
2. Bíonn foireann amháin sa tóir.
3. Bíonn an fhoireann eile ag iarraidh iad a sheachaint.
4. Roghnaigh "baile" nó "príosún".
5. Cuir teorainn spáis ann le cóin.
6. Bíonn an fhoireann atá sa tóir ag comhaireamh.
   Bíonn an fhoireann eile ag éalú laistigh den teorainn spáis.
7. Nuair a bheirtear ar dhuine, cuirtear sa phríosún é/í.
8. Nuair a chuirtear duine sa phríosún, scaoiltear saor pé duine is faide a bhíonn ann.
9. Tugtar 10 nóiméad do na foirne agus ansin athraítear na róil.

# Na Trí Thréimhse Ceachta

## (1) An Tréimhse Réamhchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Cluiche teanga: "Cá bhfuil sé?" Treoirlínte do Mhúinteoirí Leathanach 79.
Rudaí á gcur i bhfolach ag an múinteoir ar dtús (fad agus atá súile na bpáistí dúnta), ansin á gcur i bhfolach ag páiste sa seomra ranga (Is iad na rudaí céanna a bheidh á gcaitheamh/dteilgean acu dá chéile thíos).
Múinteoir/páiste ag ceistiú "Cá bhfuil an _________ go díreach?"
"Níl a fhios agam/againn."
Taispeánann an múinteoir rudaí ar leith, m.sh. téidí, liathróid, olann srl.
Caitheann an múinteoir na rudaí seo chuig páistí éagsúla. Nuair a bheireann an páiste ar an rud cuireann an múinteoir an cheist "Ar rug tú ar an _______?"
Freagraíonn an páiste "(Níor) Rug mé ar an _______."

## (2) An Tréimhse Cumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Ansin cuirtear páiste ag caitheamh ruda chuig an múinteoir nó chuig páiste eile agus ag cur na ceiste "Ar rug tú ar an ________?" Freagraíonn an páiste/múinteoir "(Níor) Rug mé ar an ________."
Más mian píosa spraoi a chur leis an gceacht féadtar áiteanna a mhalartú má fhreagraíonn an páiste an cheist i gceart nó féadtar an rud a chaitheamh timpeall an tseomra in ord aibítre ainmneacha na bpáistí.

## (3) An Tréimhse Iarchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Féadtar an abairt "(Níor) Rug mé ar ________ " a scríobh agus pictiúir a tharraingt chun dul léi. Féadann múinteoirí iad seo a chrochadh timpeall na scoile chun páistí sna ranganna eile a spreagadh chun na frásaí seo a úsáid sa chlós.
Is féidir dul siar le druil ar na botúin mhóra trí chaint faoin gcluiche, trí dhruileanna agus an múinteoir ag cur na ceiste "Ar rug tú ar (an) ________?"
Beidh gá le dul siar ar shéimhiú "Rug mé ar theidí/Sheán." Beidh gá le dul siar ar urú "Rug mé ar an dteidí/mbloicín srl." (Tabhair faoi deara: sa Chaighdeán Oifigiúil ní bhíonn úrú roimh d nó t i ndiaidh an réamhfhocail + alt - ar an téidí/ ag an doras - ach bíonn úrú le feiceáil roimh na litreacha seo i gcanúintí áirithe).

## Difreálú:

Glac le freagraí gairide "Rug mé? / Níor rug mé."
B'fhéidir go mbeadh páistí áirithe in ann "Beir ar an ________" a rá sula gcaitheann siad an rud chuig páiste eile.

## Nascáil & Comhtháthú:

Nasc na scileanna teanga – Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht

**Comhtháthú:**
Corpoideachas **Snáithe:** cluichí
**Snáithaonad:** cluichí a cheapadh agus a imirt

## Measúnú:

Breathnóireacht an mhúinteora
Ar úsáid na páistí an teanga?
An raibh aon teanga eile ag teastáil?
An raibh na páistí in ann na heiseamláirí a úsáid i gcomhthéacs?
An raibh an comhthéacs réadúil?

## Féinmheastóireacht:

An gá a thuilleadh cleachtaidh a dhéanamh ar an urú - ar an mbloicín srl?
An gá a thuilleadh cleachtaidh a dhéanamh ar an séimhiú - ar theidí srl?

# Creatlach do Phlean Ceachta

**Téama:** Caitheamh Aimsire
**Fothéama:** Cluichí Clóis – Saoradh - Ceacht a Dó
**Rang/Ranganna:** 3/4




**Spriocanna Foghlama/Cuspóirí/Feidhmeanna Teanga:**
Go mbeadh an páiste in ann:
Teanga chuí a chleachtadh agus a shealbhú sa rang a d'oirfeadh don chluiche clóis, "Saoradh"

**Eiseamláirí Teanga:**

| | |
|---|---|
| 1. **Duine a rialú agus a eagrú:** | **"Ar aghaidh leat abhaile"**<br>**"Caithfidh duine tú a shaoradh"** |
| 2. **Ceisteanna a chur:** | **"Cé a scaoil saor thú?"** |
| 3. **Duine a rialú agus a smachtú:** | **"Tá tú scaoilte saor"**<br>**"Tá tú gafa"** |
| 4. **Séanadh:** | **"Níl ná é"** |

**Áiseanna/acmhainní:**
Iuaschártaí leis na téarmaí cuí, scafall

## Na Trí Thréimhse Ceachta

### (1) An Tréimhse Réamhchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Plé faoin bpríosún. Cén fáth a dtéann daoine ann? Cad a deir na gardaí agus iad ag gabháil daoine? Cad a deir an breitheamh sa chúirt? Cad a deir an Bord Parúil agus an duine á scaoileadh saor?
An teanga chuí a chlárú ar scafall timpeall an tseomra.

## (2) An Tréimhse Cumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

1. Rólghlacadh/ Drámaíocht
2. Drámaí a chur ar bun, na páistí ina ngrúpaí de chúigear, agus róil an choirpigh, an gharda, an bhreithimh, an oifigigh phríosúin agus duine sa bhaile acu. Iad a chur ag cumadh, ag cleachtadh agus ag déanamh an dráma ag cinntiú go mbíonn siad dírithe ar na frásaí a leanas a chur san áireamh i measc na bhfrásaí eile a d'úsáidfidís
   "Ar aghaidh leat go dtí an príosún"
   "Ar aghaidh leat abhaile"
   "Caithfidh duine tú a shaoradh"
   "Cé a scaoil saor thú?"
   "Tá tú scaoilte saor"
   "Tá tú gafa"
   "Níl ná é"
3. Alt don nuachtán áitiúil a scríobh faoin gcás cúirte

## (3) An Tréimhse Iarchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Dul siar le druil ar na botúin mhóra trí chaint faoin drámaíocht, trí dhruileanna ach go háirithe "Caithfidh duine tú a shaoradh"

## Difreálú:

Níos lú téarmaí a lorg
Grúpaí measctha.

## Nascáil & Comhtháthú:

Nasc na scileanna teanga – Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht

**Comhtháthú:**

| | | |
|---|---|---|
| Corpoideachas | **Snáithe**: | cluichí |
| | **Snáithaonad**: | cluichí a cheapadh agus a imirt |
| Drámaíocht | | |

## Measúnú:

Breathnóireacht an mhúinteora
Ar úsáid na páistí an teanga?

## Féinmheastóireacht:

An raibh na páistí in ann na heiseamláirí a úsáid i gcomhthéacs?
An raibh aon teanga eile ag teastáil?

# Creatlach do Phlean Ceachta

**Téama:** Caitheamh Aimsire
**Fothéama:** Cluichí Clóis – Saoradh - Ceacht a Trí
**Rang/Ranganna:** 3/4

**Spriocanna Foghlama/Cuspóirí/Feidhmeanna Teanga:**
Go mbeadh an páiste in ann:
Teanga chuí a chleachtadh agus a shealbhú sa rang a d'oirfeadh don chluiche clóis, "Saoradh"

**Eiseamláirí Teanga:**
1. **Daoine a rialú agus a smachtú:**
   **"Ná buail sa chos é"**
   **"Ná buail faoin gcam é"**
   **"Tá tú díbeartha"**
   **"Tá sé imithe thar teorainn"**

**Áiseanna/acmhainní:**
Iuaschártaí leis na téarmaí cuí, scafall
Cóip den scéal ag gach duine

## Na Trí Thréimhse Ceachta

### (1) An Tréimhse Réamhchumarsáide:
(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

An scéal "Saoradh" a léamh dóibh.
An cluiche agus na rialacha a phlé.
Na rialacha a scríobh i gcomhpháirt lena chéile sa rang.
Dul siar ar na heiseamláirí ó cheachtanna a haon agus a dó.

### (2) An Tréimhse Cumarsáide:
(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

An cluiche a imirt sa chlós leis na páistí i ngreillí.
Grúpa beag ar dtús chun é a léiriú agus an teanga chuí á húsáid acu.
Ansin an rang roinnte ina dhá leath chun an cluiche a imirt.

### (3) An Tréimhse Iarchumarsáide:
(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Dul siar leis na páistí ar an gcluiche agus ar na heiseamláirí atá sealbhaithe acu.

### Difreálú:

Grúpaí measctha

### Nascáil & Comhtháthú:

Nasc na scileanna teanga – Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht

**Comhtháthú:**

| | | |
|---|---|---|
| Corpoideachas | **Snáithe**: | cluichí |
| | **Snáithaonad**: | cluichí a cheapadh agus a imirt |

### Measúnú:

Breathnóireacht
Ar úsáid na páistí an teanga?
An raibh aon teanga eile ag teastáil?

### Féinmheastóireacht:

Ar thuig siad rialacha an chluiche?
An gá cur leis na rialacha?
An raibh gach duine páirteach?

# Creatlach do Phlean Ceachta

**Téama:** Caitheamh Aimsire
**Fothéama:** Cluichí Clóis – Aimsigh agus Folaigh 1
**Rang/Ranganna:** 1/2




**Spriocanna Foghlama/Cuspóirí/Feidhmeanna Teanga:**
Go mbeadh an páiste in ann teanga chuí a chleachtadh agus a shealbhú sa rang a d'oirfeadh don chluiche clóis, "Aimsigh agus Folaigh"

**Eiseamláirí Teanga:**

| | |
|---|---|
| **1. Orduithe a thabhairt:** | **Téigí i bhfolach** |
| **2. Maíomh:** | **Déanfaidh mé comhaireamh go dtí a deich.** |
| | **Táim ag teacht** |
| **3. Ceisteanna a chur:** | **Cá bhfuil sibh?** |
| | **An bhfuil sibh réidh? Tá/Níl** |

**Áiseanna/acmhainní:**
Iuaschártaí leis na téarmaí cuí, scafall

## Na Trí Thréimhse Ceachta

### (1) An Tréimhse Réamhchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Míniú a thabhairt ar conas an cluiche a imirt: páiste amháin ag comhaireamh agus a s(h)úile dúnta fad is atá an rang ag dul i bhfolach in áiteanna éagsúla timpeall an chlóis/halla. Nuair atá uimhir a deich ráite ag an bpáiste téann sé/sí ag lorg na bpáistí atá i bhfolach. Nuair a bheireann sé/sí ar pháiste caithfidh an páiste sin cabhair a thabhairt chun na páistí eile a aimsiú.

Druileanna chun an teanga nua a fhoghlaim.
"Déanfaidh mé comhaireamh go dtí a deich – a haon, a dó srl"
Beirt i mbun rólghlactha.

## (2) An Tréimhse Cumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

An cluiche á imirt sa chlós faoi stiúir an mhúinteora. 4 ghrúpa de sheisear (nó mar sin). Grúpa amháin á imirt os comhair an rang-ghrúpa ar dtús.

## (3) An Tréimhse Iarchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Dul siar le druil ar na botúin mhóra trí chaint faoin gcluiche, trí dhruileanna Leabhair bheaga a dhéanamh ar "Aimsigh agus Folaigh" – na páistí ag tarraingt pictiúr d'áiteanna inar féidir leo dul i bhfolach agus ag scríobh abairtí bunúsacha bunaithe ar na heiseamláirí thíos faoi na pictiúir.

## Difreálú:

Grúpaí measctha.
Glac le "i bhfolach", "Mise ag comhaireamh"

## Nascáil & Comhtháthú:

Nasc na scileanna teanga – Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht

**Comhtháthú:**

| | | |
|---|---|---|
| Corpoideachas | **Snáithe**: | cluichí |
| | **Snáithaonad**: | cluichí a cheapadh agus a imirt |

## Measúnú:

Breathnóireacht
Ar úsáid na páistí an teanga?
An raibh aon teanga eile ag teastáil?

## Féinmheastóireacht:

An gá rialacha eile a chumadh?
Ar bhain na páistí taitneamh as?

# Creatlach do Phlean Ceachta

**Téama:** Caitheamh Aimsire
**Fothéama:** Cluichí Clóis – Aimsigh agus Folaigh 2
**Rang/Ranganna:** 1/2




**Spriocanna Foghlama/Cuspóirí/Feidhmeanna Teanga:**
Go mbeadh an páiste in ann teanga chuí a chleachtadh agus a shealbhú sa rang a d'oirfeadh don chluiche clóis, "Aimsigh agus Folaigh"

**Eiseamláirí Teanga:**

| | |
|---|---|
| 1. Maíomh: | Tá tú aimsithe |
| 2. Séanadh: | Nílim aimsithe |
| 3. Magadh faoi dhuine: | Tá buaite agam/againn |
| | Sinne na buaiteoirí |

**Áiseanna/acmhainní:**
Iuaschártaí leis na téarmaí cuí, scafall

## Na Trí Thréimhse Ceachta

### (1) An Tréimhse Réamhchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Druileanna agus caint leis an rang chun "Tá tú aimsithe" "Nílim aimsithe" "Tá buaite agam/againn" agus "Sinne na buaiteoirí" a mhúineadh dóibh agus a mhealladh uathu.

## (2) An Tréimhse Cumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Cluiche Boird "Lúdó" a imirt i ngrúpaí ag baint úsáide as na heiseamláirí.
Cuntas scríofa a choimeád ar an scór agus ar na buaiteoirí.

## (3) An Tréimhse Iarchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Dul siar le druil ar na botúin mhóra trí chaint faoin gcluiche agus trí dhruileanna

## Difreálú:

Grúpaí measctha.
Tá tú aimsithe (agam)
Tá buaite agam (i scoileanna T1– Bhuaigh mé. Is mise a bhuaigh)
Sinne na buaiteoirí (i scoileanna T1 - Bhuamar – Sinne an fhoireann a bhuaigh)

## Nascáil & Comhtháthú:

Nasc na scileanna teanga – Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht

**Comhtháthú:**


| | | |
|---|---|---|
| Corpoideachas | **Snáithe**: | cluichí |
| | **Snáithaonad**: | cluichí a cheapadh agus a imirt |

## Measúnú:

Breathnóireacht
Ar úsáid na páistí an teanga?
An raibh aon teanga eile ag teastáil?

## Féinmheastóireacht:

Ar bhain na páistí taitneamh as?
An gá rialacha eile a chumadh?



**Aimsithe!**



**Ar aghaidh leat abhaile**


Cuid 1




Tá buaite agam!




Cá bhfuil an baile?



Cá bhfuil an ________ go díreach?





Cé a scaoil saor thú?




Caithfidh duine tú a shaoradh.



Gafa



**Níl ná é!**





**Scaoilte**




Sinne na buaiteoirí





Téigí i bhfolach.





An bhfuil sibh réidh?

# Cuid 2

## Cluichí Clóis: Sealbhú na Teanga don Chlós



| Ábhar agus Feidhm Teanga | Naíonáin | Ranganna 1&2 | Ranganna 3&4 | Ranganna 5&6 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarratais**<br>Dul i gcion ar dhuine: iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh nó éileamh ar dhuine rud éigin a dhéanamh | Ceangail m'iallacha le do thoil<br>An bhfuil cead agam mo chóta a fháil?/seasamh sa líne<br>An bhfuilimid ag dul amach sa chlós?<br>Ar bhuail an clog?<br>Oscail/ Dún _______ le do thoil.<br>Tá cabhair uaim.<br>Go raibh maith agat.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir na Naíonán Shóisir*<br>An imreoidh tú liomsa?<br>Cá bhfuil tú i bhfolach?<br>Brostaigh ort nó beidh tú gafa!<br>Imigh leat!<br>Bailigh leat!<br>Ba mhaith liom cluiche _______ a imirt.<br>Ná tabhair aon aird air/uirthi.<br>Tá sé/ sí chun tosaigh/ deiridh.<br>Táimse chun tosaigh sa líne<br>Táimse ar chúl<br>Táimse i lár baill | An bhfuil cead agam súgradh ar an bhféar/breis ama a fháil?<br>Ar mhaith leat súgradh liom?<br>An mbeidh cead againn an lón beag a chríochnú nuair a rachaimid isteach?<br>An mbainfidh tú an craiceann den bhanana?<br>An bhfuil an cloigín buailte?<br>An bhfuil cead agam bheith chun tosaigh?<br>An bhfuil cead agam an liathróid a fháil?<br>An féidir linn rince/ canadh duit?<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 1*<br>An bhfuil cead agam súgradh ar an bhféar?<br>An bhfuil cead againn breis ama a fháil?<br>An mbeidh cead againn an lón a chríochnú nuair a rachaimid isteach?<br>An bhfuil cead agam bheith chun tosaigh?<br>An bhfuil cead againn dul suas go dtí an clós? | An malartóidh tú liomsa?<br>An roinnfidh tú liom?<br>An imreoidh tú cluiche tóraíochta?<br>An bhfuil an t-am istigh?<br>Teastaíonn ón múinteoir labhairt le..<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 2*<br>An malartóidh tú liomsa?<br>An imreoidh tú liom?<br>An bhfuil an t-am istigh?<br>Beir air.<br>An féidir liom é a thógáil arís? Tóg arís é!<br>Isteach sa bhosca.<br>Buail é.<br>Buail amach go hard/ go láidir é.<br>Ná buail fós é.<br>Déan balla.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 3*<br>An roinnfidh tú liom?<br>Teastaíonn ón múinteoir labhairt le ________<br>Téigh isteach<br>Cad é an scór?<br>Cé atá ag buachan?<br>Fanaigí siar.<br>Iarr ar ________ é a thógáil.<br>Fan le ________<br>An féidir linne an cor a thógáil? | An bhféadfainn mo chóta a fháil/imeacht go dtí an leithreas/súgradh/ imirt libh?<br>Ar buaileadh an clog cheana féin?<br>Cén fad atá fágtha?<br>Cén t-am is gá dúinn an bainne a dháileadh?<br>Tá fuílleach fágtha...<br>Dul siar ar fhoclóir Rang 4<br>Ar buaileadh an clog cheana féin?<br>Cén fad atá fágtha?<br>Tá fuílleach fágtha.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 5*<br>An bhféadfainn mo chóta a fháil?<br>An bhféadfainn imeacht go dtí an leithreas?<br>An bhféadfainn súgradh/ imirt libh?<br>Cén t-am is gá dúinn an bainne a dháileadh? |




Cuid 2

| Ábhar agus Feidhm Teanga | Naíonáin | Ranganna 1&2 | Ranganna 3&4 | Ranganna 5&6 |
|---|---|---|---|---|
| **Timpiste**<br>Eolas a thabhairt agus a lorg:<br>Ceisteanna a fhreagairt. | Cad a tharla do Mháire/ duit?<br>Thit mé.<br>Bhuail sé mé/Bhrúigh sé mé.<br>Timpiste a bhí ann.<br>Tá sí/sé ag gol/caoineadh/ gortaithe.<br>Ghortaigh mé mo lámh/ mo chos/ agus araile.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir na Naíonán Shóisir*<br>Tá _______ stróicthe/ salach/ fliuch.<br>Ghortaigh mé mo _______. | Shleamhnaigh mé.<br>Tharraing sé cic/sonc/buille/orm/ air/uirthi.<br>Tá ___ ag cur isteach orm.<br>Cad a tharla?<br>An rachaidh mé go dtí an oifig?<br>Inis do do mhúinteoir é.<br><br>Thit mé sa chlós.<br>Tá mo ______ ag cur fola.<br>Bhuail an liathróid m'aghaidh.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 1*<br>Shleamhnaigh mé.<br>An rachaidh mé go dtí an oifig?<br>Tá mo ______ ag cur fola.<br>Bhuail an liathróid m'aghaidh. | Tharla sé trí thimpiste.<br>An bhfuil tú gortaithe?<br>Ní raibh aon bhaint agamsa leis.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 2*<br>Seachain/ Bí cúramach.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 3*<br>Tharla sé trí thimpiste.<br>Ní raibh aon bhaint agamsa leis.<br>Rinne/Dhein ________ d'aon ghnó é. | D'aon ghnó a tharla sé.<br>Tá timpiste i ndiaidh tarlú thall ansin.<br>An bhfuil tú tagtha chugat féin arís?<br>Cad faoi ndear an troid?<br>Tusa faoi ndear é.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 4*<br>D'aon ghnó a tharla sé.<br>An bhfuil tú tagtha chugat féin arís?<br>Cén fáth a raibh sibh ag argóint/ troid?<br>Ar thosaigh tusa é?<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 5*<br>Tá timpiste i ndiaidh tarlú thall ansin.<br>Téigh isteach agus faigh leigheas/ bindealán. |




| Ábhar agus Feidhm Teanga | Naíonáin | Ranganna 1&2 | Ranganna 3&4 | Ranganna 5&6 |
|---|---|---|---|---|
| **Gearáin**<br>Dearcadh a léiriú agus a lorg: sásamh nó míshasamh a léiriú agus fiosrú faoi | Níl éinne (aon duine) ag súgradh liom.<br>Chaith sé/sí seile liom.<br>Thug sé/sí buille dom.<br>Imigh uaim!<br>Tá ________ ag cur isteach orm.<br>Tá ____________ ag brú.<br>Thug sé buille/ cic dom.<br>Ghortaigh ________ mé.<br>Níl sé/ sí sa líne.<br>Tá brón/ cathú orm.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir na Naíonán Shóisir.*<br>Bhí sé/ sí ag troid liomsa.<br>Bhrúigh sé/ sí mé.<br>Bhain sé/sí tuisle asam.<br>Ní ligfidh sé/ sí dom súgradh.<br>Ní ligfidh ______ dom imirt leis/ léi.<br>Ní féidir liom teacht ar ________.<br>Bhí ________ ag tarraingt mo chuid gruaige.<br>Bhain ________ geit asam.<br>Tá ________ ag insint bréige/ na fírinne. | Ná seas os mo chomhair.<br>Bhí ______ garbh liom.<br>Ní bhfuair mé aon seans.<br>Tá brón orm.<br>Ná déan é sin arís.<br>Níl fonn súgartha orm.<br><br>Sheas _______ ar mo chos.<br>Tá _______ ag screadaíl i mo chluas/ im' aghaidh.<br>Tá ________ ag caint fúm.<br>Tá ________ ag glaoch leasainmneacha orm.<br>Níl ________ deas liom.<br>Tá ________ ag tabhairt amach dom.<br>Tá ________ ag troid liom.<br>Bhí greim á bhreith ag _______ orm.<br>Níl aithne agam ar an duine sin.<br>Tharraing ________ mo gheansaí/ mo chóta.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 1*<br>Ná seas os mo chomhair amach.<br>Tá brón (cathú) orm ach ná déan é sin arís.<br>Níl fonn súgartha orm. | Tá _____ ag cur as dom.<br>Ní haon scór é sin.<br>Bhain sé/sí liomóg asam.<br>Níl sé/sí ag imirt go cothrom.<br><br>Mise atá i gceannas.<br>Bíonn ormsa é a dhéanamh i gcónaí!.<br>Níl sé seo cothrom.<br>Níl sé ceart ná cóir.<br>Cén fáth nach ndéanann tú féin é?<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 2*<br>Tá ________ ag cur as dom.<br>Bhain sé/sí liomóg asam/ as/ aisti.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 3*<br>Ní haon scór é sin.<br>Níl sé/sí ag imirt go cothrom.<br>Tá sé sin imithe thar an líne. | Fágtar mé ar lár an t-am ar fad.<br>Níor ghabh sé leithscéal liom.<br>An ndéarfaidh tú le ___ nach bhfuil aon ghallúnach sa leithreas?<br>Ná bí ag gabháil dom.<br>Tá tuilleadh ama uainn.<br>Caithfear cothrom na Féinne a thabhairt do gach duine.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 4*<br>Níor ghabh sé leithscéal liom.<br>Tá tuilleadh ama uainn.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 5*<br>Fágtar mé ar lár an t-am ar fad.<br>An ndéarfaidh tú le ________ nach bhfuil aon ghallúnach fágtha sa leithreas?<br>Ná bí ag gabháil dom. |




Cuid 2

# Cluichí Clóis: Sealbhú na Teanga

| Ábhar agus Feidhm Teanga | Naíonáin | Ranganna 1&2 | Ranganna 3&4 | Ranganna 5&6 |
|---|---|---|---|---|
| **Rud Caillte**<br><br> | Níl a fhios agam cá bhfuil ________<br>Chaill ________<br>Is/Ní liomsa é.<br><br>Cé leis é seo? Is liomsa é.<br>Níl / Tá ________ agam.<br>Chaill mé mo chóta/ mo gheansaí/ mo léine/ agus araile.<br>Níl a fhios agam.<br><br>***Dul siar ar fhoclóir na Naíonán Shóisir***<br>Ní féidir liom teacht ar mo ________<br>Sílim go bhfuil sé caillte agam. | Cé a chaill/ Is le ___ é<br>Níor chaill éinne (aon duine) é<br>An bhfaca éinne (aon duine) ____?<br>Tá tú reoite<br>Níor chaill éinne (aon duine) é.<br>An bhfaca éinne (aon duine) ________?<br>Chonaic / Ní fhaca<br>Chaill mé mo théad scipeála.<br><br>***Dul siar ar fhoclóir Rang 1***<br>An féidir liom dul timpeall leis an ______ seo? | Cé leis é seo?<br>Ní féidir liom ________ a aimsiú.<br>Ar chaill tú ________?<br>Chaill mé/níor chaill mé.<br><br>***Dul siar ar fhoclóir Rang 2***<br>Ní féidir liom ________ a aimsiú.<br><br>***Dul siar ar fhoclóir Rang 3***<br>Cé leis é seo? | Nílim ábalta teacht ar ________.<br><br>***Dul siar ar fhoclóir Rang 4***<br>Nílim in ann teacht ar ________.<br><br>***Dul siar ar fhoclóir Rang 5***<br>An bhféadfainn dul amach go dtí an clós agus mo chóta a aimsiú? |
| **Rialacha**<br>Dul i gcion ar dhuine : duine a rialú nó a smachtú<br>Daoine a eagrú<br><br> | Mise an tóraí.<br>Beir greim ar ________<br>Rug mé greim ar ________<br>Rug mé ar an liathróid.<br><br>***Dul siar ar fhoclóir na Naíonán Shóisir.***<br>Do sheans anois!<br>Rith ar aghaidh.<br>Rachaidh mé sa tóir ort.<br>Ar aghaidh leat agus rachaidh mé i do dhiaidh. | Ní raibh go leor ama againn.<br>Níl tú ag leanúint na rialacha.<br>Duine sa turas.<br>Druid siar.<br>An dtosóimid?<br>Rug _______ orm / ort / air / uirthi.<br><br>***Dul siar ar fhoclóir Rang 1***<br>Ní raibh go leor ama againn!<br>Níl tú ag leanúint na rialacha. | Tá an t-am istigh<br>Cé atá ag buachan/ag cailliúint?<br><br>***Dul siar ar fhoclóir Rang 2***<br>Sin feall/ calaois!<br>As imirt.<br><br>***Dul siar ar fhoclóir Rang 3***<br>Cé atá ag buachan?<br>Cé atá ag cailliúint?<br>Tógfaidh mise é.<br>Do sheans. | Níl ___ ag cloí leis na rialacha.<br>Ceart go leor, sin mar a dhéanfaimid é.<br><br>***Dul siar ar fhoclóir Rang 4***<br>Níl ________ ag cloí leis na rialacha.<br><br>***Dul siar ar fhoclóir Rang 5***<br>Táimid go léir chun riail nua a chur leis an gcluiche. |

<table>
<tr><th>Ábhar agus Feidhm Teanga</th><th>Naíonáin</th><th>Ranganna 1&2</th><th>Ranganna 3&4</th><th>Ranganna 5&6</th></tr>
<tr>
<td>Roghnú Foirne<br><br>Dul i gcion ar dhuine.<br>Cuireadh a thairiscint, nó glacadh leis, nó é a dhiúltú agus fiosrú faoi.</td>
<td>Tá mise leis an bhfoireann seo.<br>Piocaim ________.<br>Do sheans/sheal anois.<br>Ar mhaith leat ________ a imirt?<br>Ba mhaith/níor mhaith.<br><br>Dul siar ar fhoclóir na Naíonán Shóisir<br>An malartóidh tú liomsa?<br>Imreoidh mé an cluiche tóraíochta.</td>
<td>Beidh an chéad rogha agamsa.<br>Tá tú gafa.<br>An bhfuil cead agam bheith i gceannas?<br><br>An bhfuil tú ag iarraidh súgradh liom/linn?<br>Ní féidir liom mar... táim ag súgradh le Seán/ghortaigh mé mo chos.<br>Bhíomar ag imirt peile/ iomána/ sacair.<br><br>Dul siar ar fhoclóir Rang 1<br>Beidh an chéad rogha agamsa.<br>Mise an captaen.</td>
<td>Cén treo ina bhfuilimid ag imirt?<br>Cén cluiche atá á imirt agaibh?<br>Conas a imríonn tú é?<br>Cé mhéad duine atá ag teastáil?<br>Cé eile atá ag imirt?<br>Seo iad na rialacha.<br>Caithfidh tú ____ a dhéanamh.<br>Ní féidir leat ____ a dhéanamh sa chluiche.<br><br>Dul siar ar fhoclóir Rang 2<br>Cén treo ina bhfuilimid ag imirt?<br><br>Dul siar ar fhoclóir Rang 3<br>An féidir le ________ imirt linn?<br>Is ceannaire tú.</td>
<td>An bhfuil cead agam na foirne a roghnú?<br>Níl cead againn súgradh ar an taobh sin den chlós.<br>Ní féidir le haon duine lámh a leagan ar an liathróid.<br><br>Dul siar ar fhoclóir Rang 4<br>An bhfuil cead agam an fhoireann a roghnú?<br><br>Dul siar ar fhoclóir Rang 5<br>An bhfuil cead agamsa ár bhfoireann a leagan amach?<br>Níl ________ san áireamh fós.</td>
</tr>
</table>




Cuid 2

# Cluichí Clóis: Sealbhú na Teanga

| Ábhar agus Feidhm Teanga | Naíonáin | Ranganna 1&2 | Ranganna 3&4 | Ranganna 5&6 |
|---|---|---|---|---|
| **Téarmaíocht**<br>Dearcadh a léiriú agus a lorg: cinnteacht nó éiginnteacht a léiriú agus fiosrú faoi rud.<br>Léiriú gur gá nó nach gá rud éigin a dhéanamh agus fiosrú faoi. | Cúl, foireann, pas, caith<br>Ar bhuaigh tú? Bhuaigh mé/níor bhuaigh mé.<br><br>cúl<br>cúilín / pointe<br>foireann<br>pas<br>caith<br>bhuaigh mé / bhuamar<br><br>*Dul siar ar fhoclóir na Naíonán Shóisir*<br>ag téadléimneach<br>ag argóint<br>an claí<br>ar imeall an chlóis | *Dul siar ar fhoclóir Rang 1.*<br>Ar chomhscór.<br>Isteach sa líontán!<br>Greamadáin.<br>Bhí ________ ag rith / ag léim / ag siúl.<br>Bhí ________ os mo chomhair / i mo dhiaidh / in aice liom. | Tá beirthe ort.<br>Is é Gearóid captaen na foirne.<br>Ag barr na sraithe.<br>Bhí caitheamh isteach ann.<br>Thug sé/sí cic ón gcúinne.<br>Tá an t-ádh leat.<br>An chéad áit.<br>Sa dara háit.<br>Sa tríú háit.<br>Caithfidh tú bheith sa tóir.<br>Cén fáth?<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 2*<br>Is é Gearóid captaen na foirne.<br>Is í Áine captaen na foirne.<br>Thar an líne/ amuigh.<br>Caith isteach é.<br>Trasna.<br>Fear ionaid.<br>Réiteoir.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 3*<br>Tá beirthe ort!<br>Ag barr na sraithe.<br>Bhí caitheamh isteach ann.<br>Thug sé / sí cic ón gcúinne.<br>Táim ag cur allais.<br>Cic saor.<br>Cic pionóis.<br>Leathan / ar fóraoil / ar seachrán.<br>Amuigh / caite amach. | *Dul siar ar fhoclóir Rang 4 .*<br>i lár na páirce<br>na tosaithe<br>na lántosaithe<br>na leath-thosaithe<br>na cúlaithe<br>na leathchúlaithe<br>na lánchúlaithe<br>cúl báire<br>rinne/dhein sé an tsábháil.<br>cic/ poc saor<br>cic/ poc pionóis.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 5*<br>Bhuaigh siad orainn.<br>Buail lascadh air.<br>Is é/ í ________ an duine is tapúla.<br>Imreoir den scoth is ea é/ í.<br>Cluiche maith dian a bhí ann agus bhí an dá fhoireann cothrom go maith.<br>Níl puinn fuachta ann. |



| Ábhar agus Feidhm Teanga | Naíonáin | Ranganna 1&2 | Ranganna 3&4 | Ranganna 5&6 |
|---|---|---|---|---|
| **Ábhar Suime**<br>Dul i gcion ar dhuine:<br>cuireadh a thairiscint<br>nó glacadh leis, nó é<br>a dhiúltú agus fiosrú faoi.<br>Dearcadh a léiriú agus a lorg:<br>mianta a léiriú agus fiosrú fúthu. | Táimse ag dul go teach mo charad/ chuig cóisir mo charad inniu.<br>Chuireamar an crann Nollag in airde.<br>Cén sórt ceapaire atá agat?<br>An raibh ______ ann/?<br>Bhí/ Ní raibh mar ______.<br>Cén sórt ceapaire atá agatsa?<br><br>*Dul siar ar fhoclóir na Naíonán Shóisir*<br>Tá mise ag dul go teach/ chuig cóisir mo charad inniu.<br>Chuireamar an crann Nollag in airde. | An bhfaca tú an cluiche ar an teilifís aréir?<br>Tá ______ chun mise a bhailiú/chun teacht ag triall orm inniu.<br>Tá ______ ag teacht faoi mo choinne/faoi mo dhéin.<br>An bhfuil culaith Man U agat?<br>Bailím cártaí ______.<br>An malartóidh tú cárta de x le haghaidh cárta de y?<br>Bhíomar ag téadléimneach.<br>Thugamar cuairt ar ______.<br>Cad a d'ith sibh/tú?<br>D'ith mé ______ /<br>D'itheamar ______.<br>Cad iad na bronntanais a fuair tú?<br>Fuair mé ______ ach ní bhfuair mé ______.<br>An bhfaca tú ______ aréir?<br>Chonaic/ Ní fhaca.<br>Ar thaitin ______ leat? Thaitin/ Níor thaitin ______ liom.<br>Bailím cártaí.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 1*<br>An bhfaca tú an cluiche ar an teilifís aréir?<br>An bhfuil culaith Man U agat?<br>Tá ________ chun mise a bhailiú/chun teacht ag triall orm inniu. | An dtaitníonn ______ leat? Taitníonn ______ go mór liom./ Ní thaitníonn sé liom in aon chor.<br>Conas a bhí an chóisir lá breithe? Bhí sí ar fheabhas/go hiontach/thar cinn/thar barr. Cóisir den scoth a bhí inti/ Bhí sí go holc/leadránach/tuirsiúil.<br>Cé mhéad a bhí i láthair/ a bhí ann?<br>Ní raibh ach ochtar/ Bhí slua mór ann.<br>Cá ndeachaigh sibh?/Cad a rinne sibh?<br>Cad a cheannóidh tú?<br>Ceannóidh mé ______ / Tá sé ar intinn agam ______ a cheannach/ Ba bhreá liom ______ a cheannach.<br>Táim ag tabhairt cuairte ar ______ i ndiaidh na scoile.<br>Cad a cheap tú den chúl?<br>Is iad ______ an popghrúpa is fearr liom.<br>Is é/is í ______ an príomhamhránaí is fearr liom.<br>Bhí mé ag pléascadh gáire nuair ______.<br>Tháinig fuarallas amach tríom nuair ______.<br>An bhfaca tú/ sibh ______ aréir? Chonaic/ Ní fhaca.<br>Ar thaitin ______ leat/libh? Thaitin/ Níor thaitin ______ linn/liom.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 2*<br>Cad a cheap tú den chúl?<br>Cad a cheap tú den chluiche?<br>Is iad ________ an popghrúpa is fearr liom.<br>Is é/ í ___________ an t-amhránaí is fearr liomsa.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 3*<br>Táim ag tabhairt cuairte ar ______ i ndiaidh na scoile.<br>Bhí mé ag pléascadh gáire nuair a ______. | Conas a bhí an chóisir lá breithe?<br>Bhí sí ar fheabhas/ go hiontach/ thar cinn/ thar barr/ go diail/ thar na bearta/ Cóisir den scoth a bhí init/ lofa/ uafásach.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 4*<br>Chuaigh mé go dtí an phictiúrlann aréir agus chonaic mé ______.<br>Scannán den scoth a bhí ann.<br>D'itheamar ______.<br>Is é/ í ______ an carachtar is fearr liom.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 5*<br>Bhí mé ag ceolchoirm ag an deireadh seachtaine.<br>Bhí an saol agus a mháthair ann.<br>Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch. |



# Cluichí Clóis: Sealbhú na Teanga

| Ábhar agus Feidhm Teanga | Naíonáin | Ranganna 1&2 | Ranganna 3&4 | Ranganna 5&6 |
|---|---|---|---|---|
| **Liathróid ar strae**<br>Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh nó éileamh ar dhuine rud éigin a dhéanamh. | Bí cúramach!<br>Seachain an ______.<br>Tar anuas!<br>Faigh é.<br>Seas siar.<br>Caith chugam é. | Seas siar!<br>Caith chugam é!<br>Faigh é!<br>An bhfaighidh tú an liathróid dom le do thoil?<br>Gheobhaidh/ Ní bhfaighidh.<br>Caithfidh mé ceist a chur ar an múinteoir.<br>Tá sé imithe thar an mballa.<br>Ní bhfaighidh - faigh tú féin é. | Níl cead agat dul ansin.<br>Má fheiceann an múinteoir tú, beidh tú i dtrioblóid.<br>Tá sé taobh thiar díot!<br>An bhfeiceann tú é? Feicim é/ Ní fheicim in aon chor é. | |
| **Troid sa chlós**<br>Dearcadh a léiriú: aontú agus easaontú le ráiteas agus fiosrú faoi. | Is liomsa é! Ní leatsa é! Tabhair ar ais dom é!<br>Ná bris é!<br>Stop ag cur isteach orm! Imigh uaim!<br>Níl cead agat.<br>Ní féidir sin a dhéanamh! | As mo radharc. Fág an bealach!<br>Déarfaidh mé leis an múinteoir é.<br>Níl cead agat mo cheannsa a úsáid.<br>An t-aon rud ______.<br>Ní féidir le haon duine lámh a leagan ar an liathróid. | Déarfaidh mé é leis an múinteoir mura stopann tú!<br>Bhain tú tuisle asam.<br>Stop ag cúbláil!<br>Ní féidir leat é sin a dhéanamh.<br>Níl cead agat labhairt mar sin le héinne (haon duine). | Níl an t-iompar sin ceadaithe sa scoil seo.<br>Tá rialacha na scoile á mbriseadh agat.<br>Ná déan é sin go deo arís.<br>Éirigh as sin.<br>Cuir uait é sin.<br>Ná bí ag pleidhcíocht/ útamáil. |

# Creatlach do Phlean Ceachta

**Téama:** Ar Scoil
**Fothéama:** Iarratas; glaoch ar dhuine
**Rang/Ranganna:** Naíonáin – Rang 2




**Spriocanna Foghlama/ Cuspóirí/Feidhmeanna Teanga:**
Ba chóir go mbeadh na páistí in ann:

- An leabhar mór a léamh i gcomhpháirt leis an múinteoir
- Na frásaí nua a úsáid sa chlós agus sa seomra ranga
- Cluiche a imirt bunaithe ar an teanga nua
- Mím a dhéanamh chun frása a léiriú

**Eiseamláirí Teanga:**

1. **An bhfuil cead agam ..... an doras a oscailt, lón a ithe, deoch a ól, peann luaidhe a úsáid, scríobh sa chóipleabhar, leabhar a léamh, cóta a fháil?**

**Áiseanna/acmhainní:**

- Leabhar mór (féindéanta)
- Cártaí chun cluiche biongó a imirt.
- Pictiúir d'fhearas an tseomra
- Píosa ceoil ar dhlúthdhiosca
- Fearas an tseomra

Cuid 2

# Na Trí Thréimhse Ceachta

## (1) An Tréimhse Réamhchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

An Modh Díreach a úsáid chun an fearas a thaispeáint sa seomra. Na rudaí as an leabhar, atá sa seomra, a ainmniú.

An Modh lánfhreagartha gníomhaí chun na heiseamláirí a dhéanamh.
Páiste/Múinteoir le lámh san aer ag lorg ceada rud éigin a dhéanamh.
Páiste/múinteoir ag tabhairt freagra na ceiste.

## (2) An Tréimhse Cumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Léann an múinteoir as an leabhar mór anois. Nuair atá an scéal léite le geáitsí agus ag baint úsáide as fíor-rudaí, deir an múinteoir leis na páistí rudaí difriúla a thaispeáint sna pictiúir. (A Thomáis, taispeáin dom an rialóir. A Mháirín, cá bhfuil an bosca lóin?)

## (3) An Tréimhse Iarchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Iarrann an múinteoir ar na páistí mím a dhéanamh anois, mar shampla: ag dul go dtí an crochaire sa seomra chun cóta a fháil. Deir an rang/ páiste aonair "An bhfuil cead agam mo chóta a fháil?"

Imríonn na páistí cluichí éagsúla ar nós "beartán ag bogadh" agus biongó bunaithe ar an leabhar mór. Sa chluiche "beartán ag bogadh" cuireann na páistí liathróid amháin ag bogadh ó pháiste go páiste timpeall an tseomra. Cuireann an múinteoir ceol ar siúl agus nuair a stopann an múinteoir an ceol is é an páiste leis an liathróid ina lámh a léann an leathanach as an leabhar mór atá ar oscailt ag an múinteoir.

Imríonn na páistí cluiche i gciorcal agus dhá liathróid ag dul timpeall an chiorcail (liathróid ghorm agus liathróid dhearg). Cuireann an múinteoir ceol ar siúl agus cuireann na páistí na liathróidí ar aghaidh ó pháiste go páiste sa chiorcal. Stopann an múinteoir an ceol agus cuireann an páiste (Tomás) leis an liathróid ghorm ceist ar nós "A Mháiréad, an bhfuil cead agam deoch a ól?" Freagraíonn an páiste leis an liathróid dhearg (Máiréad) "Tá/ níl cead agat, a Thomáis."

In ionad liathróidí a chur timpeall an chiorcail féadann na páistí mála a chur timpeall le pictiúir de rudaí ón scéal (mála scoile, deoch, cóta, cóipleabhar srl). Piocann páiste pictiúr as an mála nuair a stopann an ceol agus cuireann páiste ceist (bunaithe ar an bpictiúr a fuair sé/sí sa mhála) ar pháiste eile sa chiorcal.

Féadann na páistí cluiche meaitseála a imirt freisin ag brath ar chumas na bpáistí. Mar shampla: pictiúr de chóta a mheaitseáil le cárta eile le 'An bhfuil cead agam mo chóta a fháil?' scríofa air. Cuirtear comhartha ar chúl na gcártaí chun féinmheasúnú a dhéanamh.

## Difreálú:

Freastalaíonn an ceacht seo ar gach cumas sa rang. Féadann an múinteoir bheith ag súil leis go ndéanfaidh páiste mím nó go ndéarfaidh sé/sí abairt nó go léifidh sé/sí leathanach as an leabhar mór sa chluiche an 'beartán ag bogadh', nó go meaitseálfaidh sé/sí téacs le pictiúir nó go dtaispeánfaidh sé/sí go dtuigeann siad cluiche biongó bunaithe ar fhocail agus ar phictiúir.

## Nascáil & Comhtháthú:

Tá éisteacht, labhairt agus léitheoireacht fite fuaite sa cheacht seo. Is féidir an Ghaeilge neamhfhoirmiúil a úsáid i gceachtanna eile mar chomhtháthú.


## Measúnú:

Breathnóireacht an mhúinteora fad is atá na cluichí ar siúl.

## Féinmheastóireacht:

An raibh na páistí in ann na ceisteanna a chur agus a fhreagairt?
An gá dul siar ar an teanga nua?
An bhfuil na páistí in ann an leabhar mór a léamh – go neamhspléach/ i gcomhpháirt?
An féidir leis na páistí an cluiche meaitseála a imirt go neamhspléach?

**Nóta Eolais:** Is féidir na leathanaigh seo a leanas a mhéadú go A3 chun leabhar mór a dhéanamh.




# Ar Scoil



An bhfuil cead agam mo mhála scoile a fháil?



An bhfuil cead agam an doras a oscailt?



A mhúinteoir, an bhfuil cead agam an clár bán a ghlanadh?



A mhúinteoir, an bhfuil cead againn dul isteach?



An bhfuil cead agam mo lón a ithe?


Cuid 2




An bhfuil cead agam deoch a ól?



An bhfuil cead agam mo chóta a fháil?




A Sheáin, an bhfuil cead agam do chriáin a úsáid?




A mhúinteoir, an bhfuil cead agam do pheann luaidhe a úsáid?


Cuid 2



**An bhfuil cead agam leabhar a léamh, a mhúinteoir?**



An bhfuil cead agam scríobh sa chóipleabhar seo?



An bhfuil cead agam do rialóir a úsáid?



An bhfuil cead agam dul abhaile anois?

# Cárta Biongó




## Treoracha chun Biongó a imirt

1. Tabhair cárta biongó do gach imreoir.
2. Tabhair 5/6 licín do gach imreoir.
3. Glaoigh amach ceann amháin de na rudaí atá léirithe/scríofa ar an gcárta. Cuir an focal i gcomhthéacs don rang.
4. Má tá an pictiúr/focal sin ar a c(h)árta biongó ag imreoir ar bith ba cheart dó/di licín a chur in airde ar an bpictiúr/focal sin.
5. Glaoigh amach rud eile atá léirithe/scríofa ar an gcárta agus cuir i gcomhthéacs é. Mura dtuigeann páistí áirithe féadann tú mím a dhéanamh chun an rud a léiriú nó féadann tú pictiúr/fíor-rud a thaispeáint chun freastal ar an éagsúlacht cumais sa rang.
6. Siúil timpeall an ranga chun a chinntiú go bhfuil na himreoirí ag cur na licíní ar an bhfocal/bpictiúr ceart.
7. Lean ar aghaidh mar seo go dtí go mbeidh trí phictiúr/fhocal (i líne dhíreach, trasna, síos, nó fhiarthrasna) clúdaithe le licíní ag imreoir éigin. Ba cheart don duine sin "Biongó!" a ghlaoch amach. Cinntigh go bhfuil na pictiúir/focail chearta clúdaithe ag an imreoir. Is é an t-imreoir sin buaiteoir an chluiche biongó.
8. Tosaigh cluiche eile ansin. Baineann na himreoirí uile na licíní uile dá gcárta biongó. Beidh buaiteoir an chluiche roimhe seo i gceannas ar an gcluiche seo.


### Nathanna cumarsáideacha le húsáid agus biongó á imirt

1. Ní raibh ach pictiúr/focal amháin nó dhá cheann fágtha agamsa le clúdach.
2. B'fhéidir go mbuafaidh mé.
3. Tá súil agam go mbuafaidh mé an chéad chluiche eile.
4. Ar ghlaoigh an múinteoir amach ________?
5. Cé mhéad atá agat?
6. Gabh mo leithscéal, a mhúinteoir, níor chuala mé thú!
7. A mhúinteoir, an bhfuil cead againn cluiche eile biongó a imirt?


**Nóta Eolais:** Féadtar an cárta biongó seo a fhótachóipeáil agus a mhéadú agus ansin na pictiúir a ghreamú in ord difriúil ar gach cárta chun an cluiche a imirt. Féadtar iad a ghearradh amach agus a úsáid mar chártaí snap.


an scoil


an peann luaidhe


an cóipleabhar



na criáin


an bosca lóin


an mála scoile


an leabhar


an rialóir


an múinteoir

# Cártaí Meaitseála





## Treoracha chun an cluiche meaitseála a imirt


1. Roinn an rang i ngrúpaí.
2. Déan cóip de na pictiúir agus de na boscaí a bhfuil téacs iontu do gach grúpa.
3. Gearr amach na pictiúir agus na boscaí a bhfuil téacs iontu.
4. Dáil amach na pictiúir agus an téacs. Mar ghrúpa meaitseálfaidh siad na cártaí a bhfuil téacs iontu leis an bpictiúr ceart. Leanann an grúpa ar aghaidh go dtí go bhfuil gach ceann déanta.



### Forleathnú

Sula ndáileann tú na pictiúir agus an téacs féadann tú an tsiombail chéanna nó an dath céanna a chur ar na cártaí a mheaitseálann. Nuair a bheidh an cluiche críochnaithe ag an ngrúpa inis dóibh gur féidir leo féinmheasúnú a dhéanamh - is é sin má tá meaitseáil cheart déanta acu beidh an tsiombail nó an dath céanna ar na cártaí a mheaitseáil siad le chéile. Déan cinnte nach dtugann tú an t-eolas seo dóibh go dtí go mbeidh an cluiche críochnaithe acu!













Dé Luain
Déardaoin
Dé Máirt
Dé hAoine
Dé Céadaoin


Cárta Meaitseála

Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála

| | | |
|---|---|---|
| A Mhúinteoir, an bhfuil cead againn dul isteach? | An bhfuil cead agam an doras a oscailt? | An bhfuil cead agam mo lón a ithe? |
| An bhfuil cead agam mo mhála scoile a fháil? | A mhúinteoir, an bhfuil cead agam an clár dubh a ghlanadh? | An bhfuil cead agam scríobh sa chóipleabhar seo? |
| A Sheáin, an bhfuil cead agam do chriáin a úsáid? | An bhfuil cead agam do rialóir a úsáid? | A mhúinteoir, an bhfuil cead agam do pheann luaidhe a úsáid? |
| An bhfuil cead agam dul abhaile anois? | An bhfuil cead agam deoch a fháil? | An bhfuil cead agam mo chóta a fháil? |
| An bhfuil cead agam leabhar a léamh, a mhúinteoir? | An bhfuil cead agam mo dhialann scoile a léamh? | An bhfuil cead agam léarscáil a tharraingt? |

Cárta Meaitseála

Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála
Cárta Meaitseála

# Creatlach do Phlean Ceachta

**Téama:** Mé Féin
**Fothéama:** Úinéireacht
**Rang/Ranganna:** Rang 1/2




**Spriocanna Foghlama/ Cuspóirí/Feidhmeanna Teanga:**
Ba chóir go mbeadh na páistí in ann:

- na heiseamláirí teanga a úsáid go cruinn laistigh agus lasmuigh den seomra ranga
- ceist a chur agus a fhreagairt ó bhéal agus i scríbhinn
- cluiche tomhais a imirt
- bileog oibre a líonadh go cruinn

**Eiseamláirí Teanga:**

1. An leatsa _______?
2. Is/Ní liomsa _______
3. An le Ciara an _______?
4. Ní/Is le Ciara an _______
5. An tusa _______?
6. Is/Ní mise _______

**Áiseanna/acmhainní:**
Bileoga oibre agus cártaí le slite beatha

## Na Trí Thréimhse Ceachta

### (1) An Tréimhse Réamhchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Roghnaíonn an múinteoir rudaí éagsúla sa seomra a bhaineann le páistí difriúla m.sh rialóir, cás peann luaidhe, bosca lóin, cóta srl.
Ceistíonn an múinteoir an rang iomlán *"Cé leis an cóta/cás peann luaidhe/bosca lóin seo?"*
Freagraíonn an rang le cabhair an mhúinteora *"Is le __________ é."*
Ansin cuireann an múinteoir ceist ar pháiste aonair *"An leatsa an cóta seo?"*
Freagraíonn an páiste aonair *"Is/Ní liomsa é!"*

### (2) An Tréimhse Cumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Taispeánann an múinteoir pictiúir de shlite beatha agus rudaí éagsúla a bhaineann leo don rang. Múnlaíonn an múinteoir na ceisteanna m.sh. *Cé leis an chnámh?* Freagraíonn an rang *"Is le Bran an chnámh."* Déanann an múinteoir agus an rang a lán samplaí den saghas ceiste céanna.

Ansin cuireann an múinteoir ceist dhifriúil *"An le Séamus siopadóir an tarracóir?"*
Freagraíonn an rang le cabhair an mhúinteora *"Ní le Séamus siopadóir an tarracóir. Is le Fiachra feirmeoir an tarracóir."*
Ansin roghnaíonn páiste aonair carachtar ach ní thaispeántar é don rang. Múnlaíonn an múinteoir an cheist ar dtús: *An leatsa an siopa?* Freagraíonn an páiste *"Ní liomsa an siopa."* Cuireann an múinteoir ceist eile *"An leatsa an chnámh?"* Freagraíonn an páiste *"Is liomsa an chnámh!"* Ansin deir an múinteoir *"An tusa Bran?"* Freagraíonn an páiste *"Is mise Bran!"*
Déanann an múinteoir cleachtadh air seo le cúpla páiste eile os comhair an ranga agus ansin cuireann an múinteoir na páistí ina mbeirteanna chun an cluiche a imirt. Scaipeann an múinteoir cártaí na gcarachtar éagsúil idir na beirteanna. Roghnaíonn páiste A cárta agus cuireann B na ceisteanna. Athraíonn siad róil.
Téann an múinteoir timpeall go dtí na grúpaí chun a chinntiú go mbíonn an teanga chuí in úsáid acu.

### (3) An Tréimhse Iarchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Roghnaíonn an múinteoir cúpla grúpa chun an cluiche a imirt os comhair an ranga.
Breacann an múinteoir nóta d'aon earráid a dhéanann na páistí agus múnlaíonn an múinteoir na ceisteanna agus na freagraí arís más gá.
Tugann an múinteoir an bhileog oibre don rang le líonadh.

## Difreálú:

Freastalaíonn an ceacht seo ar gach saghas cumais. Ní gá go mbeadh an páiste in ann léamh nó scríobh chun an cluiche a imirt agus féadann an múinteoir bileog mheaitseála a thabhairt don pháiste nach féidir leis/léi léamh/scríobh.

## Nascáil & Comhtháthú:

Tá na ceithre shnáithe - éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht - nasctha le chéile sa cheacht seo.
Is féidir an ceacht a chomhtháthú leis an gCorpoideachas. Is féidir rudaí a bhaineann leis na páistí a chur i bhfolach sa halla spóirt nó sa chlós. Iarr ar na páistí na rudaí éagsúla a aimsiú agus iad a thabhairt ar ais go háit lárnach. Nuair a bhíonn gach rud aimsithe acu, is é an páiste a fuair an rud a chuireann ceist ar an rang *"Cé leis é seo?"* nó tugann an páiste buille faoi thuairim *"An le Ciarán é? An le Nóra é?"*

## Measúnú:

Breathnóireacht an mhúinteora
Tascanna/cluichí deartha ag an múinteoir




## Féinmheastóireacht:

Ar bhain na páistí taitneamh as?
An raibh na páistí in ann na ceisteanna a chur agus a fhreagairt?
An raibh na páistí in ann an bhileog a líonadh i gceart?
An gá dul siar ar na heiseamláirí?
An raibh na páistí in ann na cluichí a imirt?

# Leathanaigh Oibre agus Pictiúir




Cuid 2

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  |  |  |  |  |  |
| an hata | Séamus siopadóir | Ciara ceoltóir | an chnámh | Brian báicéir | an siopa |
|  |  |  |  |  |  |
| an tarracóir | Bran | an fhidil | Fiachra feirmeoir | Múinteoir | clár dubh |



## Bain triail as anois.

1. Cé leis an tarracóir?

   Is le ______________________________.

2. Cé leis an siopa?

   Is le ______________________________.

3. An le Ciara ceoltóir an fhidil?

   ______________________________.

4. An le Bran an clár dubh?

   ______________________________.

5. Cé leis an chnámh?

   ______________________________.

6. An le Fiachra feirmeoir an hata?


   ______________________________.

7. Cé ______________________________?

   Is le Brian báicéir é.


## Meaitseáil na pictiúir seo.




























**Séamus siopadóir**



Ciara ceoltóir



**Brian báicéir**




Múinteoir



**Fiachra feirmeoir**




an fhidil



an tarracóir



an hata




an clár dubh



an chnámh




an siopa

# Cártaí Snap




## Treoracha chun snap a imirt

1. Déan dhá chóip den leathanach agus gearr amach na cártaí. Tabhair na cártaí do ghrúpaí de bheirt.
2. Roinneann na páistí na cártaí eatarthu agus cuireann siad bunoscionn iad.
3. Cuireann páiste A cárta síos agus ansin cuireann páiste B cárta síos. Más iad na cártaí céanna iad cuireann páiste lámh síos ar na cártaí agus glaonn sé/sí "Snap". Ansin tá cead ag an bpáiste na cártaí sin a phiocadh suas agus a chur faoi bhun na gcártaí atá ina lámh aige/aici.
4. Is é an páiste a bhuaigh a chuireann cárta nua síos agus cuireann an páiste eile cárta síos. Leanann siad ar aghaidh mar seo go dtí go bhfuil "snap" eile ann.
5. Leanann na páistí ar aghaidh mar seo go dtí nach bhfuil aon chárta fágtha ag páiste amháin.

### Difreálú

Chun freastal ar an éagsúlacht cumais sa rang féadtar na focail a scríobh ar chúl gach cárta seachas na pictiúir a úsáid sa chluiche.

**Nóta Eolais:** Féadtar na cártaí seo a chóipeáil agus a ghearradh amach chun cluiche snap a imirt.




Séamus siopadóir


Ciara ceoltóir


Brian báicéir



Fiachra feirmeoir


Múinteoir



an siopa


an chnámh



an clár dubh


an tarracóir


an fhidil


an hata


Bran

| | | |
|---|---|---|
| Brian báicéir | Ciara ceoltóir | Séamus siopadóir |
| an siopa | Múinteoir | Fiachra feirmeoir |
| an tarracóir | an clár dubh | an chnámh |
| Bran | an hata | an fhidil |

Cuid 2

# Cuid 3

## Cruinneas na Cainte



# Líofacht agus Cruinneas na Gaeilge a chur chun cinn

I scoileanna go minic cloiseann múinteoirí go leor botún, mar shampla:

"An bhfuil cead ag mé faigh leabhar?"
"An féidir liom téigh amach?"

Déanann páistí botúin mar seo ar dtús agus iad ag sealbhú teanga. Caithfear polasaí cinnte a bheith ag scoil a chuireann sin san áireamh. Go minic bainfidh páistí agus múinteoirí úsáid as an modh ordaitheach i rang na Naíonán i scoileanna T1. Deir páistí iad seo thíos agus níl aon rud mícheart leis na habairtí seo (is é tús na cainte é.)

Ceangail le do thoil nó ceangail mo bhróg / m'iallacha
Oscail le do thoil nó oscail mo bhosca lóin
Glan é seo /Gearr é seo
Nigh mo lámha
Léigh scéal dom
Líon é seo
Bain díom mo chóta / an craiceann den oráiste
Cuir mo chóta orm / barr ar an bpeann luaidhe
Cabhraigh liom / Cuidigh liom

Le tamall tá sé de nós iarracht a dhéanamh an múnla seo a leathnú agus a shaibhriú le hainm briathartha a úsáid, seachas an Modh Ordaitheach, agus an múinteoir ina m(h)únlóir den dea-chleachtais. Ach ní leor é sin. Ó Rang 1 ar aghaidh is gá dúinn mar mhúinteoirí múnla an ainm bhriathartha a mhúineadh agus a chleachtadh ag baint úsáide as raon leathan straitéisí agus modhanna múinte. Ach ba mhaith linn ó Rang 1 (i scoileanna T1) ar aghaidh go mbainfeadh páistí úsáid as:

An bhféadfá/Arbh fhéidir leat/ (agus samplaí eile den chineál seo)..... m'iallacha a cheangal /mo bhosca lóin a oscailt / é seo a ghlanadh / é seo a ghearradh / mo lámha a ní / scéal a léamh dom / é seo a líonadh / an craiceann a bhaint den oráiste/ barr a chur ar mo pheann luaidhe / cabhrú liom / cuidiú liom

(Ní cóir deireadh ar fad a chur leis an modh ordaitheach áfach.)

Is féidir le múinteoirí forbairt a dhéanamh ar an bhfrása tosaigh freisin,

1 Tá sé in am...An bhfuil sé in am...?
2 Is féidir liom....An féidir leat....?
3 D'fhéadfainn....An bhféadfá....?
4 Ar mhiste leat...?.An dtiocfadh leat....?
5 An bhfuil tú in ann...? An bhfuil tú ábalta.....?

Is féidir eiseamláirí a mhúineadh agus úsáid á baint as raon leathan straitéisí mar shampla:

Leabhar Mór (1-2)
Dánta le tascanna scríbhneoireachta (3-4)
Cluichí (5-6)
Prionta sa Timpeallacht (ar fud na scoile)

Sa tslí seo beidh na páistí gníomhach san fhoghlaim. Molaimid plean aontaithe comhsheasmhach scoile a bheith ann chun an t-ainm briathartha a mhúineadh.

## Luaschártaí agus Prionta sa Timpeallacht

Ba cheart do mhúinteoirí úsáid a bhaint as na luaschartaí seo a leanas mar Phrionta sa Timpeallacht. Is fiú na páistí a chur ag dearadh pictiúir/cartúin chun dul leis an bprionta.

Is féidir an luaschárta céanna a thabhairt do gach duine i ngrúpa agus an eiseamláir a phlé:

"Cén saghas pictiúir a chuirfeá leis sin?"
"Cén fáth?"
"An bhfuil aon tuairim eile ag éinne/aon duine?"

Má tá seans ag an ngrúpa a bpictiúir féin a tharraingt, beidh ionadh ar mhúinteoirí faoin obair a thabharfaidh na páistí dóibh agus beidh i bhfad níos mó suime ag na páistí san obair toisc go bhfuil siad páirteach sa phróiseas.

Ansin is féidir deis a thabhairt do na páistí an prionta a chrochadh in áiteanna oiriúnacha ar fud na scoile.

Tá samplaí de phrionta ar féidir é a mhéadú chun crochadh sa timpeallacht ar leathanach 91.

# An tAinm Bhriathartha i bPrionta sa Timpeallacht



Cuid 3

Is féidir na luaschártaí seo a chóipeáil agus a mhéadú chun crochadh sa timpeallacht.

# Ar mhaith leat an fhuinneog a oscailt?

# Ar mhiste leat an leabhar a léamh?

Ar mhiste leat an obair a dhéanamh?

An dtiocfadh leat m'iallacha a cheangal?

An bhfuil tú in ann na suimeanna a dhéanamh?

An féidir leat an doras a dhúnadh?

Ar mhiste leat an scéal a scríobh?

An bhfuil cead agam an liathróid a fháil?

An bhfuil
cead againn
dul amach?

Abair le Rang
a sé teacht
isteach.

Ar mhiste leat dul go dtí an oifig?

An bhfuil cead agam leabhar a fháil?

# Ar mhaith leat an ríomhaire a úsáid?

# Ar mhaith leat triail a bhaint as?

Ar mhaith libh dul amach?

An dtiocfadh libh an seomra a ghlanadh?

An bhfuil cead agam mo lámha a ní?

An féidir leat m'obair a cheartú?

# An bhféadfá do chóta a chrochadh?

# Creatlach do Phlean Ceachta

**Téama:** Ar Scoil
**Fothéama:** Ag gearán
**Rang/Ranganna:** – Rang 5/6




**Spriocanna Foghlama/ Cuspóirí/Feidhmeanna Teanga:**
Ainm briathartha a úsáid seachas an modh ordaitheach

**Eiseamláirí Teanga:**
1. **An bhfuil cead agam... an fhuinneog a oscailt/a dhúnadh..an ríomhaire a úsáid...leabhar a fháil...dul go dtí an leithreas..&rl.**

**Áiseanna/acmhainní:**
Cártaí lannaithe leis na frásaí orthu

## Na Trí Thréimhse Ceachta

### (1) An Tréimhse Réamhchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Na frásaí a thaispeáint don rang agus geáitsíocht a dhéanamh chun iad a mhíniú agus a mhúineadh.

## (2) An Tréimhse Cumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Insíonn an múinteoir an dán le cabhair na bpictiúr. De réir a chéile beidh na páistí in ann cabhrú léi/leis an dán a aithris.

### Dónal Dána

Arsa an Múinteoir Máire le Dónal Dána lá
"Ar mhiste leat an scéal a scríobh?"
"An scéal a scríobh!
Ní féidir liom an scéal a scríobh
Agus pian i mo lámh ó bheith ag scríobh don lá."

"Bhuel ar mhiste leat an leabhar a léamh?"
"An leabhar a léamh?
Ní féidir liom an leabhar a léamh
Agus pian i mo lámh ó bheith ag scríobh don lá."

"Bhuel ar mhiste leat na suimeanna a chríochnú?"
"Na suimeanna a chríochnú!
Ní féidir liom na suimeanna a chríochnú
Agus pian i mo lámh ó bheith ag scríobh don lá."

"Bhuel ar mhiste leat an obair a dhéanamh?"
"An obair a dhéanamh!
Ní féidir liom an obair a dhéanamh
Agus pian i mo lámh ó bheith ag scríobh don lá.

"Bhuel an bhfuil cead agam anois dul amach ag súgradh?"
"Amach ag súgradh?
Níl cead agat dul amach ag súgradh
Agus pian i DO lámh ó bheith ag scríobh don lá."

"Anois a Dhónail tá sé in am duitse
...An scéal a scríobh
...an leabhar a léamh
...na suimeanna a chríochnú
...an obair a dhéanamh
Nó beidh pian i do ...
'S ní bheidh tú in ann suí don lá"

**Ruairí Mac Dónaill**

Déantar an dán a athrá nó a léamh i gcomhpháirt agus an rang roinnte ina dhá leath, Dónal agus an Múinteoir Máire.
Déantar dráma den dán.

## (3) An Tréimhse Iarchumarsáide:

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

Cuireann na páistí línte leis an dán chun iad a dhéanamh níos seafóidí. Obair ghrúpa é seo áit a bhfaigheann gach bord seans líne a chur leis an dán.
Déantar an dán a athrá mar rólghlacadh beirte, Dónal agus an Múinteoir Máire
Obair scríofa c.f. cárta oibre 1 "Líon na Bearnaí"
Pictiúir a dhéanamh don dán c.f. Fráma le líonadh
**Déan an dán eile "Cáitín Cneasta" ar an dóigh chéanna**

## Difreálú:

Tugann an dán deis do gach páiste páirt a ghlacadh sa cheacht.

Is féidir le páistí pictiúir a tharraingt chun an dán a léiriú mura bhfuil cumas rómhaith sa scríbhneoireacht acu.

## Nascáil & Comhtháthú:

Tá na 4 shnáithe nasctha lena chéile anseo.

Is féidir na heiseamláirí a chomhtháthú i rith an lae mar Ghaeilge neamhfhoirmiúil an tseomra ranga.

## Measúnú:

Breathnóireacht an mhúinteora
An mbainfidh na páistí úsáid as an Ainm Briathartha sa ghnáthchaint agus an féidir leo féincheartú a dhéanamh?
Tasc/Leathanach oibre deartha ag an múinteoir.

## Féinmheastóireacht:

Ar bhain na páistí taitneamh as?
An raibh deis chumarsáide ag gach páiste?
An raibh an comhthéacs réadúil?
An féidir leo an dán a aithris?
An gá dul siar a dhéanamh?
An raibh siad in ann na bearnaí a líonadh?
An raibh siad in ann dráma a dhéanamh?

## Dónal Dána

Arsa an Múinteoir Máire le Dónal Dána lá
“Ar mhiste leat an scéal a scríobh?”
“An scéal a scríobh!
Ní féidir liom an scéal a scríobh
Agus pian i mo lámh ó bheith ag scríobh don lá.”

“Bhuel ar mhiste leat an leabhar a léamh?”
“An leabhar a léamh?
Ní féidir liom an leabhar a léamh
Agus pian i mo lámh ó bheith ag scríobh don lá.”

“Bhuel ar mhiste leat na suimeanna a chríochnú?”
“Na suimeanna a chríochnú!
Ní féidir liom na suimeanna a chríochnú
Agus pian i mo lámh ó bheith ag scríobh don lá.”

“Bhuel ar mhiste leat an obair a dhéanamh?”
“An obair a dhéanamh!
Ní féidir liom an obair a dhéanamh
Agus pian i mo lámh ó bheith ag scríobh don lá.”

Bhuel an bhfuil cead agam anois dul amach ag súgradh?”
“Amach ag súgradh?
Níl cead agat dul amach ag súgradh
Agus pian i DO lámh ó bheith ag scríobh don lá.”

“Anois a Dhónail tá sé in am duitse
...an scéal a scríobh
...an leabhar a léamh
...na suimeanna a chríochnú
...an obair a dhéanamh
Nó beidh pian i do ...
‘s ní bheidh tú in ann suí don lá.”

**Ruairí Mac Dónaill**

## Dónal Dána

Arsa an Múinteoir Máire le Dónal Dána lá
"Ar mhiste leat an scéal a _______?"
"An ____ a______!
Ní féidir liom an scéal a scríobh
Agus pian i mo lámh ó bheith ag scríobh don lá."

"Bhuel ar mhiste leat an leabhar a ______?"
"An __________________!
Ní féidir liom an leabhar a ______
Agus pian i mo lámh ó bheith ag scríobh don lá?

"Bhuel ar mhiste leat na suimeanna a __________?"
"Na ___________________!
Ní féidir liom na ________________
Agus pian i mo lámh ó bheith ag scríobh don lá?

"Bhuel ar mhiste leat an obair a __________?"
"An __________________!
Ní féidir liom an ____________
Agus pian i mo lámh ó bheith ag scríobh don lá."

Bhuel an bhfuil cead agam anois dul amach ag súgradh?"
"Dul amach ag súgradh?
Níl cead agat dul amach ag súgradh
Agus pian i DO lámh ó bheith ag scríobh don lá."

"Anois a Dhónail tá sé in am duitse
...An scéal a _____
...an leabhar a _______
...na suimeanna a ________
...an obair a __________
Nó beidh pian i do ...
's ní bheidh tú in ann suí don lá."

**Ruairí Mac Dónaill**

## **Dónal Dána** – le do chara léirigh an scéal

## Dán eile

Bain úsáid as an bplean ceachta céanna leis seo
(Is féidir an cheist a chur in oiriúint do cibé canúint atá in úsáid)

## Cáitín Cneasta

Arsa an Múinteoir Máire le Cáitín Cneasta lá
"An dtiocfadh leat an doras a oscailt?"
"An doras a oscailt?
Cinnte thiocfadh liom an doras a oscailt.
An bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort inniu?"

"Bhuel... an dtiocfadh leat an t-urlár a scuabadh?"
"An t-urlár a scuabadh?
Cinnte thiocfadh liom an t-urlár a scuabadh
An bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort inniu?"

"Bhuel... an dtiocfadh leat na fuinneoga a ghlanadh?"
"Na fuinneoga a ghlanadh?
Cinnte thiocfadh liom na fuinneoga a ghlanadh
An bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort inniu?"

"Bhuel... an dtiocfadh leat na leabhair a bhailiú?"
"Na leabhair a bhailiú?
Cinnte thiocfadh liom na leabhair a bhailiú
An bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort inniu?"

"Bhuel... an dtiocfadh leat na cóipleabhair a cheartú?"
"Na cóipleabhair a cheartú ?
Cinnte thiocfadh liom na cóipleabhair a cheartú
An bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort inniu?"

A Mhúinteoir, beidh mo Dhaidí breá sásta bualadh isteach"
"Bualadh isteach?
Cén fáth a mbeidh sé ag bualadh isteach?"
"Nach é féin an cigire nua atá le teacht!!!!?"

**Ruairí Mac Dónaill**

## Cáitín Cneasta

Arsa an Múinteoir Máire le Cáitín Cneasta lá
"An dtiocfadh leat an doras a _______?"
"An _____ a _____?
Cinnte thiocfadh liom an _____________.
An bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort inniu"

"Bhuel... an dtiocfadh leat an t-urlár a _______?"
"An _____ a ________?
Cinnte thiocfadh liom an ___________
Bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort inniu"

"Bhuel... an dtiocfadh leat na fuinneoga a _______?"
"Na ______ a _________?
Cinnte thiocfadh liom na _________
Bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort inniu"

"Bhuel... an dtiocfadh leat na leabhair a _____?"
"Na______a ________?
Cinnte thiocfadh liom na ________
Bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort inniu"

"Bhuel... an dtiocfadh leat na cóipleabhair a ______?"
"Na ______a ___________ ?
Cinnte thiocfadh liom na __________
Bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort inniu

A Mhúinteoir , beidh mo Dhaidí breá sásta bualadh isteach"
"Bualadh isteach?
Cén fáth a mbeidh sé ag bualadh isteach?"
"Is é an cigire nua é atá ag teacht!!!!"

**Ruairí Mac Dónaill**

**Cáitín Cneasta** – léirigh an dán le do chara.

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

# Ullamh chun cainte? (Forleathnú)



Cuid 3

## Forleathnú:



Ba cheart seans a thabhairt do pháistí an bealach ceart chun rud a rá, agus atá foghlamtha acu, a chleachtadh. Seo cluiche chun an seans sin a thabhairt dóibh. Bíonn an-iomaíocht leis seo agus taitníonn sé go mór le páistí.

## Treoracha

1. Cuir na páistí i ngrúpaí.
2. Is féidir le gach grúpa torann faoi leith a dhéanamh chun aird an mhúinteora a fháil.
3. Taispeáin taobh amháin den chárta don rang m.sh. "bailigh/leabhair"
4. Déanann grúpa éigin a thorann chun a thaispeáint go bhfuil siad sásta imirt leis an bhfrása sin. Tá smacht acu ar an mbabhta seo sa chluiche.
   Tá orthu na focail ar an gcárta a chur in abairt ag tosú le
   "An bhfuil cead agam ___________ na leabhair a bhailiú"?
5. Ansin tá orthu an frása "___________ na leabhair a bhailiú"? a úsáid ag athrú thús na habairte gach uair.
   "Ar mhiste leat ___________?"
   "An féidir leat ___________?"
   "An dtig leat ___________?"
   "Ar mhaith leat ___________?"&rl
6. Faigheann na páistí pointe amháin do gach eiseamláir nua.
7. Chun pointí breise a fháil sa bhabhta seo bíonn 30 soicind ag gach grúpa chun plé a dhéanamh ar na rudaí eile uile is féidir a bhailiú. Scríobhann siad síos iad agus faigheann siad pointe do gach ceann ceart.
   Mar shampla:
   "___________ an páipéar a bhailiú"
   "___________ an bruscar a bhailiú"
   "___________ na litreacha a bhailiú"
   "___________ na pictiúir a bhailiú" &rl.

# faigh /leabhar

...leabhar a fháil

(i 30 soicind ainmnigh rudaí eile is féidir leat a fháil)

# oscail/doras

...an doras a oscailt

(i 30 soicind ainmnigh rudaí eile is féidir leat a oscailt)

**dún/fuinneog**

...an fhuinneog a dhúnadh

(i 30 soicind ainmnigh rudaí eile is féidir leat a dhúnadh)

# déan/obair

...an obair a dhéanamh

(i 30 soicind ainmnigh rudaí eile is féidir leat a dhéanamh)

**léigh/an leabhar**

...an leabhar a léamh

(i 30 soicind ainmnigh rudaí eile is féidir leat a léamh)

Cuid 3

# ceartaigh/an obair

...an obair a cheartú

(i 30 soicind ainmnigh rudaí eile is féidir leat a cheartú)

# ith/do lón

...do lón a ithe

(i 30 soicind ainmnigh rudaí eile is féidir leat a ithe)

# tar isteach

...teacht isteach

(i 30 soicind ainmnigh áiteanna eile ar féidir leat teacht isteach)

# téigh amach

...dul amach

(i 30 soicind ainmnigh áiteanna eile ar féidir leat dul amach)

Cuid 3

**nigh/do lámha**
**...do lámha a ní**

(i 30 soicind ainmnigh rudaí eile is féidir leat a ní)

# triomaigh/na soithí
# ...na soithí a thriomú

(i 30 soicind ainmnigh rudaí eile is féidir leat a thriomú)

# glan/clár dubh

...an clár dubh a ghlanadh

(i 30 soicind ainmnigh rudaí eile is féidir leat a ghlanadh)

# litir/scríobh ...an litir a scríobh

(i 30 soicind ainmigh rudaí eile is féidir leat a scríobh)

# Cuid 4

## Spreagadh na Cainte



# Córas Luacha na Gaeilge

| Comhghairdeas libh! | Comhghairdeas libh! | Comhghairdeas libh! | Comhghairdeas libh! |
|---|---|---|---|
|  |  |  |  |

## Gaeilgeoir den Scoth

Is pictiúrchártaí iad seo a choimeádann múinteoirí ar an mbord le tabhairt do na páistí aon uair a úsáideann na páistí Gaeilge chruinn go neamhfhoirmiúil i rith an lae.

Molann múinteoirí na páistí nuair a ghlacann siad leis na deiseanna an teanga a úsáid gan spreagadh an mhúinteora sa rang, sa chlós srl.

Is pictiúir iad agus is féidir leis na páistí iad a dhathú, bhailiú srl.

**Féach Aguisín 1**

## Croíthe sa chlós

Bíonn bosca greamaitheoirí fágtha sa seomra foirne. Lannaítear iad, (cósúil leis an gceann thuas.)

Ag am clóis, tugann múinteoirí greamaitheoir d’aon dalta a bhíonn ag déanamh sár-iarrachta an Ghaeilge a úsáid go cumarsáideach sa chlós.

Nuair a bhíonn méid áirithe croíthe faighte ag an dalta, tugann an múinteoir duais dó/di.

**Féach Aguisín 2**

## Aguisín 1

Gaeilgeoir den scoth



Gaeilgeoir den scoth



Gaeilgeoir den scoth



Gaeilgeoir den scoth



Gaeilgeoir den scoth



Gaeilgeoir den scoth



Gaeilgeoir den scoth



Gaeilgeoir den scoth



Pictiúrchárta

Pictiúrchárta

Pictiúrchárta

Pictiúrchárta

Pictiúrchárta


Pictiúrchárta

Pictiúrchárta

Pictiúrchárta

## Aguisín 2

**Croíthe sa chlós**



| | | | |
|---|---|---|---|
| Pictiúrchárta | Pictiúrchárta | Pictiúrchárta | Pictiúrchárta |
| Pictiúrchárta | Pictiúrchárta | Pictiúrchárta | Pictiúrchárta |
| Pictiúrchárta | Pictiúrchárta | Pictiúrchárta | Pictiúrchárta |
| Pictiúrchárta | Pictiúrchárta | Pictiúrchárta | Pictiúrchárta |
| Pictiúrchárta | Pictiúrchárta | Pictiúrchárta | Pictiúrchárta |

## Bonn na Gaeilge



Bíonn Bonn na Gaeilge ar fáil do pháiste amháin i ngach rang. Ag tionól na seachtaine bronntar Bonn na Gaeilge ar an bpáiste a rinne an-iarracht i leith labhairt na Gaeilge an tseachtain sin. Moltar na páistí ar fad os comhair na scoile agus bíonn an deis acu an bonn a chaitheamh ar scoil agus sa bhaile ar feadh na seachtaine.

Tá dearadh ar an mbonn "Bonn na Gaeilge" agus tá ribín daite "glas, bán & oráiste" timpeall ar an mbonn.

### Bonn óir/ Airgid/ Cré-umha & Réalta

Bronntar Bonn na Gaeilge ar an bpáiste a dhéanann an iarracht is fearr an Ghaeilge a úsáid i rith na seachtaine. Roghnaíonn na múinteoirí an dalta a rinne an iarracht is mó.
Déantar cinneadh an triúr is fearr a roghnú in ord.

Cláraítear "Boinn na Gaeilge" in áit lárnach sa seomra ranga de réir na liostaí óir, airgid agus cré-umha. Tugtar duaiseanna do na páistí seo.

### Greamaitheoirí a dhearadh

Is suíomh an-chliste é seo. Tugtar deis don mhúinteoir a g(h)reamaitheoirí féin a dhearadh go speisialta don rang.
Mar shampla,
"Deir múinteoir Ciara gur labhair mé Gaeilge mhaith!"




**Féach: www.superstickers.com**

### Nótaí molta sa Dialann Scoile




I rith an lae cláraíonn an múinteoir ranga/príomhoide/ múinteoir eile nóta sa dialann scoile a luann le tuismitheoir go ndearna an páiste an-iarracht leis an nGaeilge ar an lá sin, mar shampla.

Bhí Gaeilge álainn á labhairt ag _____.




## An Zón Gaelach

Go mbeadh áit faoi leith roghnaithe sa scoil, (mar shampla, halla na scoile nó an fáiltiú) chun samplaí taitneamhacha d'obair Ghaeilge na bpáistí a chur ann.
Go rachadh an príomhoide ann uair sa tseachtain chun monatóireacht a dhéanamh air agus aitheantas a thabhairt d'aon duine a chuir aon rud isteach ann. (Teastas nó suaitheantas a bhronnadh &rl....)

## Teastais do Labhairt na Gaeilge

Bronntar teastais ar na páistí mar chomhartha molta speisialta dóibh as ucht an Ghaeilge a labhairt. Is féidir é seo a dhéanamh cibé bealach a oireann don mhúinteoir féin, gach lá, gach seachtain srl.

# Táim ag moladh




________________________________________

don dea-iarracht i leith labhairt na Gaeilge.

| | |
|---|---|
| _________________________ | ______________ |
| *Síniú an mhúinteora* | *Dáta* |
| _________________________ | ______________ |
| *Síniú an tuismitheora* | *Dáta* |




## Mian Na Scoile

Go mbeadh mian na scoile le feiceáil timpeall na scoile go forleathan. Mar shampla:

***"Is í an Ghaeilge ár dteanga, labhraímis í"***

Is féidir é a chur ar dhialann na scoile/ ar an suíomh idirlín/ ar na nuachtlitreacha a chuirtear abhaile &rl.

## Grianghraf/Ainm "Gaeilgeoir na Seachtaine"

Bíonn clár ar dhoras an tseomra ranga a chláraíonn ainm nó griangraf de Ghaeilgeoir na Seachtaine agus a thaispeánann buaiteoirí a d'imigh rompu. Bíonn sé sin le feiceáil ag gach cuairteoir a thagann go dtí an seomra ranga sin.

## Gaeilgeoir na Seachtaine



## Comhghairdeas leat!

## Gaeilgeoir na seachtaine




Is féidir dalta a ainmniú ar scáileán ríomhaire an tseomra ranga chun aitheantas a thabhairt dó/di mar Ghaeilgeoir na seachtaine. (D'fhéadfaí ainm an dalta a chur mar spárálaí scáileáin ag trasnú an ríomhaire go minic i rith an lae!)

## Cártaí Poist a sheoladh abhaile

Bíonn réimse cártaí poist ar fáil don mhúinteoir. Seolann an múinteoir abhaile cárta poist d'aon pháiste a bhíonn ag déanamh sár-iarrachta leis an nGaeilge. Déanann an comhlacht Pixy Graphics na cártaí áirithe seo i nGaeilge:


**Féach: http://www.pixygraphics.ie**

## Nath na Seachtaine/ Frása na Coicíse/Múnla na Míosa

Bíonn fógra ar dhoras an tseomra ranga a chláraíonn an nath/ frása/ múnla a mbeidh na páistí ag díriú air. Bíonn an nath/ frása/ múnla bunaithe ar na feidhmeanna teanga.
Bíonn sé le feiceáil ag gach cuairteoir a thagann go dtí an seomra ranga sin. Is minic go mbíonn rang i gceannas air. Ciallaíonn sé sin go ndearann siad fógra leis an nath/ frása/ múnla agus déantar bolscaireacht air timpeall na scoile. Is féidir ardrang a chur á mhúineadh do na bunranganna.

## Stampaí Ar Obair An Pháiste

Cuirtear stampaí Gaelacha agus greamaitheoirí ar obair na bpáistí chun iad a mholadh.
Is féidir iad a úsáid chun an Ghaeilge a mhealladh uathu go neamhfhoirmiúil i rith an lae.



## Rang na Seachtaine

Bronntar Sciath na Gaeilge/ Corn na Gaeilge ar an rang a dhéanann an iarracht is fearr an Ghaeilge a úsáid i rith na seachtaine. Roghnaíonn na múinteoirí an rang a rinne an iarracht ba mhó. Bíonn an cúram ar mhúinteoir amháin fiosrú a dhéanamh faoin gclós agus faoin rang maidir leis an duine is fearr. Go minic i nGaelscoileanna bíonn "Leabhar Béarla" ina gcláraítear ainmneacha na bpáistí a labhraíonn i mBéarla inti. Is uaidh seo a dhéantar cinneadh an rang is fearr a roghnú. Fanann an sciath sa seomra ranga seo ar feadh seachtaine agus coinnítear cuntas, de na ranganna a bhuaigh, in áit lárnach sa scoil go bhfeicfidh gach duine é. Tugtar duais éigin don rang, mar shampla, 5 nóiméad bhreise sa chlós!



Cláraítear "Sciath na Gaeilge" nó "Corn na Gaeilge" ar an sciath/gcorn.


# Gaeilgeoirí na Scoile



| Dáta | Rang |
|---|---|
| 07/09/2010 | R4 |
| 14/09/2010 | RNBh |
| 21/09/2010 | R1 |
| 28/09/2010 | R6 |
| 05/10/2010 | R6 |

## Leabhair Stampaí

Tugtar leabhar stampaí do gach páiste ag tús na scoilbhliana. Faigheann an páiste stampa ar an leabhar nuair a chloiseann an múinteoir é/í ag úsáid na Gaeilge go neamhspleách timpeall na scoile.



## Suaitheantais do na Gaeilgeoirí is fearr

Bronntar suaitheantais ar na páistí atá ag déanamh iarrachta lena gcuid Gaeilge. Úsáidtear é seo i mbunranganna ach go háirithe toisc gur breá leo iad a chaitheamh ar feadh na seachtaine. Coinnítear liosta de bhuaiteoirí na suaitheantas in áit go bhfeicfear iad. Is minic go nglactar grianghraif de na páistí a bhuaigh agus iad a sheoladh abhaile chuig na tuismitheoirí mar aitheantas breise.



## Grianghraf/ Ainm a chlárú

Cuireann an múinteoir cairt ar dhoras gach seomra ranga. Bíonn cártaí bídeacha ann ionas gur féidir ainm agus grianghraf a lannú orthu do gach páiste sa rang. Cláraítear gach páiste de réir mar a ghnóthaíonn siad duais na Gaeilge. Bíonn sé le feiceáil ag gach duine/ cuairteoir a thagann isteach sa rang (cosúil le fostaí na míosa!)






## Ticéid Dhaite

Bronntar ticéid ar pháistí agus tar éis méid áirithe a bhailiú ón gclós/ rang bronntar teastas orthu.

# Teastas Molta
## Comhghairdeas





Tá sprioc ________ thicéad

bailithe agat i dtreo

dhuais Ghaeilgeoir na Scoile

do 20___

## Mo Cheol Thú!



Greamaítear sean-dlúthdhiosca bunoscionn ar dhoras gach seomra ranga. Bíonn cártaí bídeacha ann le hainm agus ghrianghraf a lannú air do gach páiste sa rang. Cuirtear ghrianghraf an pháiste i lár an dhlúthdhiosca nuair a ghnóthaíonn an páiste sin duais na Gaeilge agus bíonn sé le feiceáil ag cách ar feadh seachtaine!

## Banc na Gaeilge – Ticéid & Lóisteáil



Bíonn ticéid ag na múinteoirí (ticéid do chrannchur) agus bronnann na múinteoirí ticéid ar na páistí sa chlós/ seomra ranga nuair a chloiseann múinteoirí iad ag labhairt na Gaeilge go neamhspleách. Nuair a bhíonn cúig thicéad acu is féidir leo iad a lóisteáil leis an múinteoir chun duais a ghnóthú ar nós:

- pas obair bhaile,
- leath uair an chloig leis an ríomhaire,
- deis léitheoireachta srl.




Bíonn leabhar cuntais ag an bpáiste chun iarrachtaí a léiriú.

## Cuntas Bainc na Gaeilge



**Uimhir:** 214R6GSBHáC

**Dáta Eisithe:** 24/04/2008

| Dáta | Lóisteáil | Aistarraingt | Iomlán | Cód Oifige | Síniú Oifige | Síniú Údair |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 24/04/10 | 3 | | 3 | LG | ANíT | Seán |
| 29/04/10 | 3 | | 6 | LG | ANíT | Seán |
| 30/04/10 | | 5 | 1 | AR | CNíM | Seán |
| 01/05/10 | 2 | | 3 | LD | CNíM | Seán |

**Míniú ar Chód Oifige:**
LG = Lóisteáil na Gaeilge
LD = Lóisteáil - Duais Bhreise
AR = Aistarraingt - Ríomhaire
AP = Aistarraingt - Pas Obair Bhaile
AL = Aistarraingt - Deis Léitheoireachta

## Ticéid mar dhuais ranga/ scoile

Bíonn ticéid ann mar dhuais ranga agus dáileann foireann na scoile iad. Caithfear aontas foirne a bheith ann chun an scéim seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Bailítear na ticéid i mbosca ranga agus ag an tionól scoile déantar na ticéid a chlárú. Ag deireadh na míosa tugtar duais don rang a bhailíonn an líon is mó ticéad. Bíonn duaiseanna ar nós Pizza, Mr Freeze nó físeán i gceist.




## Captaen na Gaeilge


Pioctar páiste amháin in aghaidh na seachtaine le bheith mar *Chaptaen na Gaeilge!* Tugtar an teideal seo don pháiste tar éis tréan-iarrachta a dhéanamh i labhairt na Gaeilge i rith an lae.




1. Bíonn cupán faoi leith le 'Captaen na Gaeilge' scríofa air agus bíonn deis ag an bpáiste é a úsáid ar feadh na seachtaine ag am lóin.



2. Seolann an múinteoir litir / ríomhphost abhaile ag moladh an pháiste.




3. Cláraíonn an múinteoir ainm an pháiste ar an gclár bán ar feadh na seachtaine.




4. Faigheann an páiste greamaitheoir speisialta.

Cuid 4

## Pointí a bhailiú

Bailíonn na páistí pointí as ucht an Ghaeilge a úsáid agus a spreagadh i measc a chéile. Bronntar na pointí orthu agus iad ag feidhmiú i dtreo sprioc a bhaint amach. Braitheann an sprioc ar an múinteoir agus eagraítear duaiseanna, mar shampla, turas go pictiúrlann chun scannán a fheiceáil, sceallóga a ithe ar scoil srl.





| Gaeilge | Sprioc 1 – sceallóga (50) | Sprioc 2 – pictiúrlann (150) |
|---|---|---|
| Rang N. Bheaga | | |
| Rang N. Mhóra | | |
| Rang 1 | | |
| Rang 2 | | |
| Rang 3 | | |
| Rang 4 | | |
| Rang 5 | | |
| Rang 6 | | |

## Cearnóg na Gaeilge

Bíonn cearnóg mhór le feiceáil i ngach seomra ranga nó i halla na scoile le méid áirithe cearnóg inti. An aidhm atá ann ná ticéid na Gaeilge a bhailiú chun an chearnóg a líonadh. Tugtar spriocanna faoi leith do na ranganna éagsúla.




Mar shampla;
Naíonáin- R2 50 = scannán,
100 = siúlóid,
150 = picnic sa pháirc &rl.

## Dearbháin na Gaeilge

Bronntar ticéid ar pháistí agus tar éis bailiúchán a fháil ón gclós/ rang bronntar teastas orthu tar éis méid áirithe a bhailiú.

# Dearbhán don Ghaeilge

Bronnta ar

___________________________________

as ucht an Ghaeilge
a labhairt.

Múinteoir ____________________




## Soilse Tráchta



Tugann an múinteoir cárta glas do gach páiste ag tús an lae. An aidhm atá ann ná an cárta glas a choinneáil go deireadh an lae. Tugann an múinteoir cárta oráiste mura mbíonn an páiste ag déanamh iarrachta an Ghaeilge a labhairt agus tugann an múinteoir cárta dearg don pháiste mura mbíonn aon iarracht á déanamh. Má éiríonn leis an bpáiste an cárta glas a choinneáil ar feadh an lae faigheann an páiste stampa speisialta. Nuair a bhíonn 25 stampa faighte ag an bpáiste faigheann sé/sí duais.

## Caisleáin na Gaeilge



Is éard atá i gceist anseo ná go mbailíonn na páistí brící i dtreo caisleán na Gaeilge a thógáil agus de réir a chéile tógann na páistí é. Is scéim í ina mbíonn na brící cláraithe ar bhalla/ chlár fógraí agus de réir mar a aithníonn an múinteoir go mbíonn na páistí ag labhairt Gaeilge níos cruinne bronnann an múinteoir bríce (i bhfoirm greamaitheora) orthu chun dul i mbun an caisleán a thógáil.

Is spreagadh súl é an caisleán a mbaineann na páistí taitneamh as agus déanann siad iarracht an caisleán a thógáil. I ndiaidh dóibh an caisleán a thógáil gnóthaíonn siad duais don rang agus tosaíonn siad ag tógáil arís. Nó féadann siad baile iomlán a thógáil mórthimpeall ar an gcaisleán!

## Cúinne Na Gaeilge



Tá cúinne faoi leith don Ghaeilge sa seomra ranga le roinnt fearais agus rudaí spraíúla ann. Tugann an múinteoir deis don pháiste dul go dtí an cúinne áirithe seo nuair a bhíonn sár-iarracht á dhéanamh ag an bpáiste Gaeilge a labhairt. Tá cead ag an bpáiste cara a thabhairt leis nó léi ann, áit ina mbíonn leabhair, an ríomhaire nó ionad éisteachta, nó aon rud a bhíonn tarraingteach don pháiste.




An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta